Comhaltas

# Pobail á Nascadh trínár gCultúr



2030
RÉAMHEOLAIRE

An cumas cultúrtha atá ionainn a scaoileadh

# From local community to a worldwide stage

Cultúrlann na hÉireann, 32 Belgrave Square, Monkstown, Co. Dublin, A94XVO2
**E** eolas@comhaltas.ie **T** +353 1 280 0295

Comhaltas Ceoltóirí Éireann is a registered charity:
CHY 8762 CRN: 20021894

**comhaltas.ie**

An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media

Government of Ireland
Emigrant Support Programme

# Clár an Ábhair


## 1 Tionchar an Chomhaltais

**Treochlár don Chomhaltas** **6**
Cé muid féin? 6
Ár nDaoine 6
Ár mBunchuspóir agus Treoirphrionsabail 7

**Tionchar an Chomhaltais** **8**
Garspriocanna agus Éachtaí 10
Teachtaireacht ón Uachtarán 12

**Tuiscintí den Chomhaltas** **14**
Teistiméireachtaí 14

## 2 Bunchlocha Straitéiseacha

**Bunchlocha Straitéiseacha** **19**
Forléargas 20
Sracfhéachaint 54

### An Eagraíocht

Craobhacha 22
Ár nDaoine 24
Pobal Sóisialta 26
Ionaid Acmhainní 28
Cartlanna Cultúrtha 30

### Gníomhaíochtaí Cultúrtha

Fleadhanna 32
An Ghaeilge 34
Féile agus Imeachtaí 36

### Oideachas

Oideachas 40
An Óige 42
Éagsúlacht, Comhionannas agus Ionchuimsitheacht 44

### Cumarsáid

Diaspóra 46
Turasóireacht 48
Cumarsáid 50

## 3 Achoimre ar an Straitéis

Tionchar Domhanda an Chomhaltais 56
An Comhaltas Amach Anseo 58





# 1 An Comhaltas

**Treochlár don Chomhaltas**
Cé Muid Féin?
Ár nDaoine
Ár mBunchuspóir agus Treoirphrionsabail

**Tionchar an Chomhaltais**
Garspriocanna agus Éachtaí
Teachtaireacht ón Uachtarán

**Tuiscintí den Chomhaltas**
Teistiméireachtaí

# Treochlár don Chomhaltas

Tá eolas ar chuid de na héachtaí is mó atá bainte amach ag Comhaltas Ceoltóirí Éireann le 70 bliain anuas sa Réamheolaire seo taobh le treochlár chun cur leis an méid sin amach anseo bunaithe ar a bhfuil bainte amach go dtí seo agus ar a bhféadfaimis a bhaint amach mar pháirt den ghluaiseacht chultúrtha seo atá ar thús cadhnaíochta.

## Cé muid féin?

Gluaiseacht náisiúnta agus idirnáisiúnta atá sa Chomhaltas ina dtugtar deiseanna don óige go háirithe sult agus tairbhe a bhaint as na traidisiúin atá tagtha chugainn ó ghlúin go glúin agus páirt a ghlacadh iontu. Tá líonra fairsing ag an gComhaltas in 21 tír ar fud an domhain agus is tríd an líonra sin a dhéantar naisc láidre a chothú leis an Diaspóra agus a chuirtear léargas dearfach ar Éirinn chun cinn go hidirnáisiúnta. Déanann an eagraíocht naisc láidre a chothú le cultúir náisiúnta eile.

Bunaíodh Comhaltas Ceoltóirí Éireann sa bhliain 1951 agus é mar chuspóir gach foirm de na traidisiúin chultúrtha ar leith atá againn a choinneáil beo agus tús áite a thabhairt dóibh arís i saol na hÉireann. Thit an méid sin amach le linn tréimhse ina raibh todhchaí chultúr dúchasach na tíre i mbaol i ndiaidh faillí a bheith déanta air ar feadh blianta fada. Mar gheall ar an obair cheannródaíoch atá déanta ag an gComhaltas, spreagadh suim an phobail arís i dtraidisiúin ársa na tíre agus, ó lasadh arís í, tá an lóchrann ón drithleog sin lasta is ag lonrú go gléigeal is níos gléigile arís le trí scór go leith bliain.

Tarraingíodh 450,000 duine go Fleadh stairiúil Cheoil na hÉireann i nDoire, agus gach traidisiún páirteach inti, tráth ar léirigh an Comhaltas ról na heagraíochta mar idirghabhálaí idir pobail. Dá thairbhe sin, bronnadh Duais Bhliantúil ghradamach an tSaoránaigh Eorpaigh ar an ngluaiseacht. Tá 19 gcultúrlann ag an gComhaltas anois ar fud na hÉireann agus tá seirbhísí á gcur ar fáil againn do thrí mhilliún duine ar fud an domhain gach bliain.

## Ár nDaoine

Tá Comhaltas Ceoltóirí Éireann in ann ceiliúradh ceart a dhéanamh ar na héachtaí móra atá bainte amach le 70 bliain. Is mar thoradh ar obair na mílte oibrithe deonacha atá ag saothrú leo go háitiúil chun leas an phobail atá an méid sin bainte amach. Bhí cuspóir coiteann ann, é sin bunaithe ar chomhfhís na mbunaitheoirí tús áite a thabhairt do thraidisiúin chultúrtha na hÉireann i saol na hÉireann. Is iomaí gníomh cruthaitheach atá déanta agus gréasán luachmhar forbartha dá bharr arb é an gréasán sin oidhreacht agus láidreacht na gluaiseachta inniu.

## Ár mBunchuspóir

Ba chóir go gcuirfeadh traidisiúin chultúrtha le saol mhuintir na hÉireann i ngach áit, go háirithe saol daoine óga; ba chóir go mbeadh na traidisiúin sin mar chuid den tsochaí atá beo, feiceálach agus bríomhar; ba chóir go mbeadh teacht ag cách orthu; ba chóir tuiscint iomlán orthu a bheith ag pobail agus daoine ar fud na tíre agus i bpobail na nÉireannach thar lear.

## Ár dTreoirphrionsabail

**Éagsúil:** cuirimid fáilte roimh gach aon duine gan beann ar bith ar chine, ar chreideamh ná ar chumas.

**Oscailte Macánta:** déanaimid cinnte de go mbíonn dínit agus cineáltas gach duine mar bhonn faoi na seirbhísí a chuirimid ar fáil, seirbhísí atá saor ó chiapadh nach bhfuil áit iontu don seicteachas ná don chiníochas.

**Cumasú:** creidimid go bhfuil tábhacht le gach aon duine agus tá sé mar aidhm againn dínit gach duine atá páirteach inár ngluaiseacht a chur chun cinn.

**Spreagadh:** táimid ag iarraidh go mbeadh gach duine in ann deiseanna féinléirithe a thapú tríd an gceol, tríd an amhránaíocht, tríd an damhsa agus tríd an teanga.

**Ionchuimsiú:** cuirimid ionchuimsitheacht agus comhdheiseanna chun cinn do chách beag beann ar inscne, stádas pósta, gnéaschlaonadh, aois, míchumas, creideamh nó easpa creidimh, cine, eitneachas nó náisiúntacht.

# Tionchar an Chomhaltais

Bhí an-uaillmhian ag teastáil chun tabhairt faoin dúshlán a bhí roimh an gComhaltas i 1951, is é sin cor a chur i gcinniúint na dtraidisiún cultúrtha. Ón tús ar fad, tá aitheantas tugtha ag an gComhaltas don cheangal bunúsach idir na traidisiúin seo agus an pobal, chomh maith leis an tábhacht a bhaineann le freagairt chuimsitheach a thabhairt ar riachtanais na dtraidisiún.

Trí scór go leith bliain ar aghaidh agus tá difear radacach le sonrú i staid na dtraidisiún seo i gcéin agus i gcóngar. Tá cruthaitheacht agus cumas ealaíontóirí faoi leith i ndiaidh forbairt as cuimse a dhéanamh ar na foirmeacha ealaíne. Tá fás dochreidte tagtha ar an líon daoine atá páirteach mar ealaíontóirí agus mar lucht éisteachta. Tionchar thar a bheith dearfach atá ag an bhfás seo go dtí seo (féach leathanach 10).

- Tá **aitheantas tugtha faoi chroí mór maith** do thionchar an Chomhaltais ar chúrsaí cultúrtha, sóisialta agus eacnamaíocha.
- Tá **an Ghaeilge i gcroílár obair an Chomhaltais** agus tá beartas iomlán dátheangach i bhfeidhm ar fud na gluaiseachta.
- Tá cartlann fhairsing ar líne **ag an gComhaltas** agus cuireann ábhar ar fáil do EUROPEANA SOUNDS.
- Tá an t-oideachas mar bhunchloch faoin rath ar obair an Chomhaltais agus corradh le **1,500 rang ar siúl againn gach seachtain**.

Is leis an bpobal féin iad na hacmhainní cultúrtha seo ós rud é go dtugann siad léiriú ar phearsantacht agus féiniúlacht an phobail sin in imeacht ama. Béim i bhfad níos lú a chuirtear ar an ealaíontóir féin.

**Tá oidhreacht faoi leith ag baint leis na traidisiúin chultúrtha atá againn agus an-sofaisticiúlacht agus ársaíocht ag baint leo.**

Tá an oidhreacht atá iontu fréamhaithe sa tseasmhacht seachas in athruithe fiáine faoi thionchar anmhargaidh. Tá bun-choincheapa iontu mar an pobal, rannpháirteachas, printíseacht, freagracht agus forbairt na féiniúlachta. Nasc le glúine a chuaigh roimhe atá in oidhreacht mar seo, ach tá folláine na hoidhreachta céanna feasta ag brath ar naisc a chothú i rith an ama idir óg agus aosta, droichead síoraí idir na glúine mar a bheadh snáithe gan bhriseadh ann ó thús ama. Acmhainn uasal atá san oidhreacht sin ar le muintir na hÉireann i ngach aon áit í, idir óg agus aosta.

Pictiúirí: David Waters

# Cultúr faoi leith
# **Aistear cultúrtha faoi leith**




## Fleadhanna
## Fíricí na Féile

| | |
|---|---|
| **44** | Fleadhanna Ceoil (féilte cultúrtha) |
| **500,000** | Duine a fhreastalaíonn ar Fhleadh Cheoil na hÉireann gach bliain |
| **15,000** | Ceoltóir, damhsóir,amhránaí agus seanchaí |
| **€60m** | An méid a ghintear do gheilleagar an réigiúin ina reáchtáiltear Fleadh Cheoil na hÉireann |



# Éachtaí agus Garspriocanna

| | |
|---|---|
| **€60,000,000** | An méid a ghintear do gheilleagar an réigiúin ina reáchtáiltear Fleadh Cheoil na hÉireann |
| **3,000,000** | Duine a bhíonn ag plé le heagraíocht an Chomhaltais ar fud an domhain gach bliain |
| **500,000+** | Duine a fhreastalaíonn ar Fhleadh Cheoil na hÉireann gach bliain |
| **50,000+** | Oibrí Deonach Pobail an Chomhaltais |
| **1,500** | rang Comhaltais gachseachtain |
| **450+** | Craobh sa phobal go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta |
| **21** | Tír a bhfuil an Comhaltas iontu |
| **1** | Duais Bhliantúil an tSaoránaigh Eorpaigh |



Sráid Ché na Long, Doire — Fleadh Cheoil na hÉireann, 2013

# Fórsa Cultúrtha a thugann Daoine Le Chéile

Tá an Comhaltas tar éis bacainní a bhaint agus tionscnaimh thrasphobail a chur chun cinn.

Nuair a reáchtáladh Fleadh Cheoil na hÉireann den chéad uair i dTuaisceart Éireann in 2013, an chéad uair i stair seasca bliain na fleidhe, bhí gach pobal agus gach traidisiún páirteach inti. Imeacht eiseamláireach a bhí ann ó thaobh cairdis, athmhuintearais agus obair i gcomhar a chéile de.

Tá an obair seo ar bun i gcónaí sa 40+ craobh den Chomhaltas atá i dTuaisceart Éireann.

**450,000** Duine a d’fhreastail ar Fhleadh Cheoil na hÉireann i nDoire

**40+** Craobh i dTuaisceart Éireann

Tá sé thar a bheith inspioráideach má chuimhnímid gur tháinig rath agus bláth faoi athbheochan thraidisiún aoibhinn seo againne an cheoil as tús a bhí chomh beag simplí agus a bhí.

Uachtarán na hÉireann, Mícheál D. Ó hUigínn

# Nuálaíocht agus oideachas chun cumas cultúrtha na hÉireann a fhorbairt ar fud an domhain

**Uachtarán na hÉireann, Mícheál D. Ó hUigínn**

Is iad an obair dheonach agus flaithiúlacht an spioraid bunchlocha an Chomhaltais agus bíonn na prionsabail sin le feiceáil go follasach le linn na Fleidhe. Sa chúlra sa líonra craobhacha agus sna himeachtaí tá buíon de bhreis agus 50,000 oibrí deonach. Tá ról ag gach duine acu sin chun a dheimhniú go mbeidh beocht sna healaíona traidisiúnta beo agus chun go mbeidh tuiscint agus meas ag oirfidigh ón gcéad ghlúin eile ar na healaíona sin.



Pictiúr: Bob Morrison

Tá nasc i gcónaí ann idir sinne agus diaspóra mór na hÉireann a bhuí leis an bhFleadh, le líonra craobhacha an Chomhaltais ar fud na cruinne, agus le himeachtaí agus gníomhaíochtaí éagsúla an Chomhaltais ar fud na hÉireann agus thar lear. Is iomaí ealaíontóir a thagann chun na Fleidhe ar de shliocht eisimircigh ó Éirinn iad agus atá i measc ceoltóirí cumasacha phobal domhanda an cheoil thraidisiúnta inniu. Is fórsaí iad an ceol, an amhránaíocht, an damhsa agus an Ghaeilge a tharraing pobail Éireannacha thar lear go mór le chéile, fórsaí a thugann neart don diaspóra inniu agus a chuireann san am céanna le tobar domhain sin an traidisiúin anseo in Éirinn féin.

Agus ár n-oidhreacht scaipthe acu i gceithre hairde na cruinne, tá an diaspóra tar éis gnéithe den oidhreacht a nochtadh dúinne, gnéithe dár gceol, amhránaíocht agus damhsa ina measc, agus léamha agus leaganacha úra den oidhreacht acu fuinneamh as an nua a chur isteach sa traidisiún. Tá fearadh na fáilte rompu siúd nach bhfuil aon cheangal clainne ná cónaithe le hÉirinn acu mar rannpháirtithe agus cuairteoirí ar Fhleadh Cheoil na hÉireann, daoine a bhfuil muintearas cothaithe acu le muintir na hÉireann tríd an gcultúr agus trí thraidisiúin na ndaoine agus iad cíocrach ina leith.

Tá Fleadh Cheoil na hÉireann ar an gceiliúradh bliantúil is mó ar domhan ar cheol, teanga, amhránaíocht agus damhsa na hÉireann. Mealltar thart ar 500,000 cuairteoirí gach bliain chun freastal uirthi. Is cúis mhór áthais dúinn go léir a bheith in ann an Fhleadh a cheiliúradh arís ar an láthair, i gcomhluadar ár gcairde in atmaisféar an cheoil agus an traidisiúin.

In ainneoin brú a bheith ann, fórsaí domhandaitheacha ina measc a bhrúnn an aonchineálacht chun cinn ó thaobh spéise agus ábhair de, rud a théann chun tairbhe do mhonaplacht an mhargaidh, chomh maith le tionscal an-athraithe a bhfuil barraíocht de na tréithe sin le sonrú ann, tá an ceol Gaelach tagtha slán, níorbh fhéidir é a shárú, i ndiaidh imeacht go háiteanna nua, ábhar úr curtha leis agus tá fillte ar ais arís anois.

Tá an ceol ar cheann de na huirlisí is bunúsaí atá againn le muid féin a chur in iúl, an uirlis is cumhachtaí, b'fhéidir, a chuireann ar ár gcumas dúinn imeacht siar sa stair, ár scéalta féin a aithris, machnamh a dhéanamh ar gach gné den saol – grá, bás, tóraíocht an tsonais – agus chun teacht le chéile nuair a bhíonn ceiliúradh le déanamh, bíodh sé sin sa teaghlach, i measc cairde nó ar ócáidí suntasacha.

**Idir an cumas atá ann dul i bhfeidhm ar na mothúcháin agus cuimhní againn agus an tslí nach bhfuil aon teorainneacha ag baint leis agus a dtarraingíonn sé daoine le chéile, b'fhéidir gurb é an ceol an lingua franca chomhchoiteann trína gcuirtear mothúcháin agus cuimhní in iúl nach bhféadtar a dhéanamh le focail.**

Ó thús ama, mar Ghaeil, tá stádas an chumadóra ceoil agus an déantóra ceoil oirmhinnithe againn mar cheann ársa, urramach. Faoi ré na Meánaoise Airde agus Déanaí, bhíodh na hannála Éireannacha ag lua ceoltóirí dúchasacha. Go deimhin, in Annála na gCeithre Máistrí, rinneadh taifead i 921RC (Roimh Chríost), de bhás Chú Chongalta, sagart Lann-Léire, an 'tethra' nó óráidí na hÉireann ó thaobh gutha, foirme pearsanta, agus eolais de.

I gceol traidisiúnta agus ceol tíre go háirithe, tá corpas mór millteach againn d'ealaíon agus ealaíontacht na hÉireann: amhráin chumhachtacha agus foinn chorraitheacha, caointe ina léirítear na mothúcháin is doimhne dá bhfuil ann agus tiúineanna spraíúla a spreagann aoibh gháire agus fonn damhsa sa duine – agus b'fhéidir an deis a thapú agus dul sa seans.

**Ní go díreach i dtéarmaí airgid ná eacnamaíocha a bhfuil an fiúntas a bhaineann le saothar ár gceoltóirí nó cumadóirí á mheá againn. Tá fiúntas as cuimse, creidim, ag baint leis an áilleacht, leis an áthas – agus leis an tábhacht chultúrtha nach féidir a shéanadh – a bhaineann lena dtugann ár gceoltóirí dúinn i dteannta a chéile. Toradh den spiorad é.**



Pictiúr: Bob Morrison

# Tuiscintí den Chomhaltas



## Dá dtógfaimis an Comhaltas as an áireamh agus dá gcasfaimis an clog siar agus dá gcuimhneoimis ar Éirinn gan an Comhaltas, ba léir dúinn an méid mór millteach a bhfuilimid faoi chomaoin acu.

Is ceart go dtugtar ambasadóirí dár dtír ar mhuintir an Chomhaltais, iad i mbun cumarsáide i dteanga nach bhfuil aon teorainneacha ag baint léi agus a bhfuil cairde agus lucht leanúna meallta aici i gcéin agus i gcóngar.

An meas sin, na naisc sin, tá siad tar éis fiúntas as cuimse na hoidhreachta atá fágtha againn a nochtadh arís eile dúinn. Tá siad tar éis cur go mór leis an tuiscint nua atá againn, muinín agus mórtas as an gcultúr, nithe atá nasctha leis an méid atá bainte amach againn i gcúrsaí eile – cúrsaí sóisialta, polaitíochta agus geilleagracha. Táimid faoi chomaoin nach beag ag an gComhaltas as an méid atá déanta acu sna comhthéacsanna sin.

Tá glúine d'fhir, de mhná agus de leanaí na hÉireann i ndiaidh a gcos a bhualadh le buille agus fuinneamh cheol na hÉireann atá déanta ag lucht an Chomhaltais. Go minic agus muid ag éisteacht, ní thuigimid i gceart an oidhreacht dhochreidte atá againn mar gheall ar an traidisiún sin.

Is cúis bhróid dúinn an fhoirm ársa ealaíne sin, nach mbíodh le fáil ach cois teallaigh agus ag na crosbhealaí tráth, agus a bhfuil ráchairt chomh leathan sin uirthi sa lá atá inniu ann ag crosbhealaí an tsaoil nua-aimseartha.

**Máire Mhic Giolla Íosa, iar-Uachtarán na hÉireann,**



## Is é an ceol cuisle agus croí ár gcultúir Ghaelaigh agus is iad ceoltóirí Gaelacha atá i gcroílár an chultúir sin. Tá Comhaltas Ceoltóirí Éireann ar thús cadhnaíochta i gceol agus cultúr na hÉireann le 70 bliain anuas.

Tá TG4 iontach mórtasach as an gcaidreamh atá eadrainn agus as an bhfís chomhchoiteann atá againn do chultúr agus teanga na hÉireann, anseo in Éirinn agus ar fud na cruinne. Tá Fleadh Cheoil na hÉireann ar cheann de na himeachtaí craoltóireachta is tábhachtaí atá againn in TG4 agus táimid buíoch as an gcomhoibriú a bhíonn ann idir TG4 agus an Comhaltas le linn na bliana dá bharr. Gura fada buan an Comhaltas, gura fada buan a dhílseacht don Ghaeilge agus do gach gné do chultúr na hÉireann, agus gura fada buan a dhíograis lenár gcuid oibre i dteannta a chéile a spreagadh agus a chothú i dtreo na haislinge sin.

**Alan Esslemont, Ard-Stiúrthóir TG4**



**Gléas atá sa cheol, mar atá sa teanga, le daoine a thabhairt le chéile: féadann sé ceangal a fhorbairt trasna céadta, trasna na farraige móire agus trasna na nglún. Tá an Comhaltas i ndiaidh leas a bhaint as an gcumhacht sin san obair atá déanta ag an eagraíocht lena chur ar a gcumas do dhaoine ar gach aois, ó gach cúlra agus de gach féiniúlacht páirt a ghlacadh i gceol agus cultúr traidisiúnta na hÉireann agus sult a bhaint astu is cuma cá háit ar domhan a bhfuil siad.**

Ón méid atá déanta agam féin i dtionscadail agus in imeachtaí a raibh tacaíocht ó Chomhaltas iontu, tá sé feicthe agam tionchar na heagraíochta le ceol traidisiúnta na hÉireann a chur os comhair an phobail agus leis an rannpháirteachas a spreagadh agus a éascú. Téann díograis agus dúthracht na ndaoine sin atá páirteach i bhfeidhm go mór orm i dtólamh agus is mór an pléisiúr é oiread daoine óga a fheiceáil agus seans acu traidisiún galánta cheol na hÉireann a choinneáil ag imeacht. Anseo i dTuaisceart Éireann, tá fiúntas ar leith ag baint le hobair an Chomhaltais le daoine ó phobail éagsúla a tharraingt le chéile.

**Linda Ervine, Bainisteoir Tionscadail Turas Oirthear Bhéal Feirste**

---



**Grúpa beag de dhaoine a raibh aisling acu a bhunaigh Comhaltas Ceoltóirí Éireann sa bhliain 1951, grúpa a raibh sé mar aidhm acu stad a chur le meath cheol traidisiúnta na hÉireann. Mórghluaiseacht chultúrtha atá ann anois, ní hamháin in Éirinn ach i measc na nÉireannach ar fud an domhain, go háirithe sa Ríocht Aontaithe agus i Stáit Aontaithe Mheiriceá.**

I gcuid mhór cásanna, is é an t-aon nasc é idir muintir na hÉireann thar lear agus Éire. Tá taithí phearsanta agam ar an nasc sin le caoga bliain anuas, ar dtús agus mé ag taisteal thart ar an domhan le Foireann Shinsearach Peile Chiarraí agus, tar a éis sin, mar Aire an Diaspóra. Tá taithí phearsanta agam ar an méid dochreidte a chuir craobhacha de chuid an Chomhaltais le cur chun cinn Cheol agus Rince na hÉireann, ní hamháin d'inimircigh Éireannacha ach do náisiúntachtaí eile leis. Agus an teicneolaíocht nua-aimseartha againn tá an Comhaltas in ann oideachas ceoil a chur ar fáil do lucht foghlama ilchultúrtha domhanda. Tá deis ar leith ag an eagraíocht don am atá le teacht mar sin.

Ní de sheans ná de thaisme a tháinig fás dochreidte ar an gComhaltas. Is féidir cúpla cúis a lua leis sin, ach an chúis is mó domsa ná an díograis agus an dúthracht atá ag na hoifigigh ar gach leibhéal agus ag an méid mór oibrithe deonacha atá ann. Is é an grá atá ag an dá ghrúpa sin do cheol agus rince traidisiúnta na hÉireann atá ina léiriú ar thírghrá fírinneach dílis dar liom.

Ardú croí atá ann an oiread daoine óga a fheiceáil ag freastal ar ranganna ceoil agus ag seinm i ngrúpaí ceoil. Is soiléir an grá atá acu do cheol, amhránaíocht agus damhsa na hÉireann agus tá go leor daoine óga den tuairim gur rud faiseanta atá ann ceol traidisiúnta na hÉireann a sheinm. Creidim féin go bhfuil níos mó déanta ag an gComhaltas le ceol, amhránaíocht agus damhsa na hÉireann a chur chun cinn ná aon eagraíocht eile, roimh an Neamhspleáchas agus tar a éis. Gura fada buan é.

**Jimmy Deenihan, iar-Aire an Diaspóra**



**Imíonn agus laghdaíonn cuimhní le haois. Dá bhrí sin, dúshlán atá ann scéal a chur le chéile bunaithe ar chuimhní thar 60 bliain, cur chuige nach bhfuil iomlán iontaofa is dócha, i gcás cuid de na mionsonraí ar a laghad. Nuair a chaithim súil siar anois ar na luath 1960idí agus ar na Fleadhanna Ceoil a raibh mé orthu i dtrátha an ama sin, ní féidir liom a rá go cruinn beacht cá huair ná cá háit go díreach a raibh mé nuair a thit mé faoi gheasa ag draíocht phíb uilleann Leo Rowsome, nó nuair a chuir piocadh bhainseó Barney McKenna ola ar mo chroí den chéad uair nó an lúcháir lasrach a tháinig nuair a chuala mé ríleanna ó Shliabh Luachra á gcasadh ag Denis Murphy agus Julia Clifford.**

An raibh Rowsome ina shuí ar bhalla cloiche íseal i gCluain Eois? An raibh McKenna ag seinm laistiar de theach tábhairne sa Mhuileann gCearr? An ndeachaigh ceol fidle na beirte i gcion go mór ar a lucht éisteachta i gclós Uí Chiaráin in Inis?

Déanta na fírinne, ní féidir liom a rá go cinnte. Táim cinnte faoi rud amháin, áfach, is é sin gur fhág a gcuid ceoil a lorg orm nuair a chuala mé ag an am é agus tá a gcuid nóta lán de ghrásta liom fós mar nithe cumhachtacha múnlaitheacha, fiú agus an oiread sin de bhlianta imithe idir sin agus seo.

Is go randamach atá mé ag cuimhneamh ar na ceoltóirí atá díreach luaite agam. Is iomaí duine eile a bhí ann: cé a dhéanfadh dearmad ar an leagan corraitheach den bhfonn "Caoineadh Staker Wallace" mar a chas Tony McMahon ar an mbosca é? Nó an spleodar i rímháistreacht leagan Sheáin Mhig Uidhir de "Naprún an tSaoir"? Nó Joe Burke agus an ríl ragairneach "Bocannaí Órán Mór" uaidh ar a bhosca ceoil le deireadh an tseisiúin ceoil a fhógairt? Is iomaí sprid eile a d'fhéadfainn a lua, a lámha á gcur in airde acu sna cuasa dorcha. Tá cuid mhaith acu imithe ar shlí na fírinne anois, ach ní ligfear a gceol i ndearmad choíche, ar go leor bealaí mar gheall ar an aitheantas luath a thug Comhaltas Ceoltóirí Éireann agus an tuiscint dhochreidte a léirigh an eagraíocht leis na himeachtaí draíochtacha ceoil sin a chur chun cinn san aimsir sin.

Théimis ag síobshiúl an uair sin chuig na Fleadhanna luatha agus gan sinn an-soiléir faoin méid a rabhamar ag dúil leis, ach na sceitimíní céanna orainn a spreagann gach taiscéalaí chun léim sa dorchadas. Agus sinn ag titim isteach sna hionaid sna cúigí, áfach, taibhsíodh dúinn go raibh aistriú suntasach sóisialta ag titim amach. Bhí lucht nua á fhorbairt ag an gceol Gaelach, pobal nua, fiú, agus ar aon dul le páistí Hamelin leanamar an Píobaire Breac agus sinn lán dóchais.

**Bryan McMahon - iar-Bhreitheamh den Ard-Chúirt, ar scor**




Pictiúr: Gary McGivney





# 2 Bunchlocha Straitéiseacha

**Forléargas**
Bunchlocha
- An Eagraíocht
- Gníomhaíochtaí Cultúrtha
- Oideachas
- Cumarsáid

# Bunchlocha Forléargas

70 bliain tar éis a bhunaithe, am tráthúil atá ann féachaint ar na haidhmeanna agus cuspóirí a leagadh síos sa bhliain 1951 agus féachaint a éifeachtaí agus a cuireadh i bhfeidhm iad chun barr an chumais atá inár dtraidisiúin dhúchasacha a bhaint amach.

Tá an oiread sin bainte amach againn go dtí agus tá na spriocanna atá againn anois chomh huaillmhianach agus a bhí siad sa bhliain 1951.

Is mian linn ár n-oidhreacht luachmhar a fhorbairt, an ghluaiseacht a athbheochan agus craobhacha agus ionaid nua a chruthú le go mbeidh teacht ag daoine ar chultúr faoi leith na hÉireann agus, mar sin, go mbeimid in ann ár bpobail a fhorbairt. Tá ról ríthábhachtach ag an oideachas má táimid leis seo go léir a bhaint amach, deiseanna a thabhairt do dhaoine óga ról gníomhach a ghlacadh sa cheol, damhsa, amhránaíocht agus sa Ghaeilge. Pobail á nascadh chun dáimh a chothú idir pobail áitiúla agus an dáimh sin a scaipeadh ar fud na cruinne i measc an diaspóra agus craobhacha idirnáisiúnta.

## Na Bunchlocha

| | |
|---|---|
| An Eagraíocht | Craobhacha<br>Ár nDaoine<br>Pobal Sóisialta<br>Ionaid Acmhainní<br>Cartlanna Cultúrtha |
| Gníomhaíochtaí Cultúrtha | Fleadhanna<br>An Ghaeilge<br>Féile agus Imeachtaí |
| Oideachas | Oideachas<br>An Óige<br>Éagsúlacht, Comhionannas agus Ionchuimsitheacht |
| Cumarsáid | Diaspóra<br>Turasóireacht<br>Cumarsáid |



An Eagraíocht

# Líonra na gCraobhacha

Is é Líonra na gCraobhacha atá mar bhunchloch ag an gComhaltas le gur eagraíocht chultúrtha ilghnéitheach atá ann. Fágann an líonra go bhfuil tionchar domhanda ag an gComhaltas, agus tá 19 n-ionad acmhainní agus teagmhála mar chuid de ar fud oileán na hÉireann chomh maith le 450 craobh ar fud an domhain. Tá an eagraíocht le fáil in 21 tír. Téann na craobhacha seo i mbun plé le pobail agus cuireann siad ar a gcumas do dhaoine páirt a ghlacadh i gcultúr na hÉireann, nascann siad daoine agus glúine, agus baineann siad dea-thorthaí amach áit ar bith a bhfuil siad lonnaithe.

## Mar a sheasann cúrsaí...

### Tionchar na gCraobhacha

Tá 450 craobh ag an gComhaltas in 21 tír, craobhacha a chuireann traidisiúin chultúrtha na hÉireann chun cinn, a ligeann do dhaoine iad féin a chur in iúl tríd an gcultúr agus a chuireann le héiteas cultúrtha na háite ina bhfuil an chraobh suite.

### Craobh an Phobail

Tá cultúr foghlama 'cothaitheach' le fáil inár gcraobhacha, cultúr ina gcaitheann foghlaimeoirí óga an chuid is mó de bhlianta a múnlaithe, ag foghlaim na bhfoirmeacha ealaíne agus ag cur snas orthu. San am céanna, fásann díograis agus dílseacht iontu dár n-oidhreacht chultúrtha luachmhar agus dá bpobal áitiúil a bheidh iontu ar feadh an tsaoil.

### Meascán Cultúrtha

Bíonn deiseanna acu siúd atá ag foghlaim ceol uirlise eolas a chur ar thraidisiúin chultúrtha eile leis, mar an amhránaíocht, damhsa, béaloideas agus a macasamhail.

### An Seisiún

Tugann seisiún na craoibhe daoine le chéile i suíomh slán sábháilte, áit a mbíonn deis ar dóigh ag ceoltóirí faobhar a chur ar a n-ealaín, muintearas a chothú agus nasc a fhorbairt idir daoine ar gach aois go háitiúil.

### Caidreamh

Tá an chraobh ann mar láthair thábhachtach ina dtagann daoine le chéile, idir óg agus aosta, i gcultúr slán sábháilte dearfach, lena chinntiú go ndéantar traidisiúin a sheachadadh ó ghlúin go glúin, áit a spreagtar úsáid na Gaeilge agus an léiriú cultúrtha i ngnáth-thimpeallacht.

### Saol Sóisialta

Tugann an chraobh saolsuntasach sóisialta do dhaoine óga agus iad páirteach i líonra náisiúnta agus idirnáisiúnta, naisc á bhforbairt acu le daoine eile taobh amuigh dá bpobal féin chomh maith leis an gcruthaitheacht a chur chun cinn.

### Éagsúlacht Spásanna

Cuireann an chraobh le saol cultúrtha agus sóisialta an phobail a bhfuil sí lonnaithe ann. Cuireann an chraobh imeachtaí áitiúla ar fáil agus glacann páirt in imeachtaí eile, chomh maith le ceol a chur ar fáil ar mhaithe le carthanacht agus a sheinm in áiteanna cúraim sláinte, srl.

### Tacaíocht

Tá struchtúir láidre thacaíochta i bhfeidhm ag an gComhaltas sna coistí contae, cúige agus náisiúnta, a threisíonn obair na gcraobhacha agus a thugann an creat tacaíochta ar fáil de réir mar is gá le haghaidh freagairt náisiúnta.

### Dúshlán Romhainn:

*Tá dúshláin roimh chraobhacha an Chomhaltais de dheasca go bhfuil titim ar leibhéil na n-oibrithe deonacha ar fud na hearnála le blianta beaga anuas.*

**Déanfaidh an Comhaltas iarracht le fuinneamh as an nua a chur i muintir na heagraíochta, cur lena gcumas, deiseanna nua iontacha deonacha a úsáid le daoine úra a mhealladh agus líonra na gcraobhacha a fhairsingiú.**

2023

## Cairde an Chomhaltais



**Clare Anne Kearns - Achtúire**
*Uíbh Fhailí: Fidil, Bosca Ceoil*

**Tá an Comhaltas i ndiaidh deiseanna iontacha a thabhairt dom tríd na blianta deiseanna forbartha ní hamháin mar cheoltóir ach i réimsí eile de mo shaol freisin. Bhí an t-ádh dearg orm go raibh seans agam dul ar camchuairt le grúpaí de chuid an Chomhaltais in Éirinn agus thar lear, le bheith ag teagasc agus ag seinm. Tá mé i mo bhall de Cheolfhoireann Tíre Náisiúnta na hÉireann faoi láthair. Tá cairde go leor agam ar fud na tíre mar gheall ar an gceol. Mar mhúinteoir mar chuid de chlann an Chomhaltais, tá áthas orm an comhar a íoc le heagraíocht atá tar éis an oiread sin a thabhairt dom i gcaitheamh mo shaoil. Is iontach an sásamh é an chéad ghlúin eile a fheiceáil agus an grá céanna á chothú acu don cheol agus don chultúr mar atá agam féin.**

## Ceann scríbe...

### Athnuachan na gCraobhacha

Bheadh sé tráthúil tréimhse a chaitheamh ar athnuachan na gcraobhacha. Déanfaidh an Comhaltas forbairt ar straitéis rannpháirtíochta a chuideoidh leis na craobhacha dul i ngleic leis na dúshláin atá aitheanta againn agus le fuinneamh úrnua a chothú le go mbainfidh na craobhacha barr a gcumais amach.

### Croílár an Phobail

Mar thoradh ar infheistíocht i rith an ama inár muintir féin, daoine óga go speisialta, cuirfidh an Comhaltas ar a gcumas do chraobhacha forbairt a dhéanamh, a fhágfaidh go mbeidh faill ag níos mó daoine dul i mbun plé lenár gcultúr sa tír seo agus thar lear.

### Ilchineálacht sa Phobal

Is féidir craobhacha a chur ar bun i ngach ceantar/réigiún nach mór chun cur leis an réimse gníomhaíochtaí agus chun pobail úra a tharraingt le bheith páirteach i saol sona an cheoil, na hamhránaíochta, an damhsa agus na teanga.

### An Clár Imeachtaí

Beidh cláir agus gníomhaíochtaí nua lán samhlaíochta in ann clár oibre an Chomhaltais a láidriú agus an obair a chur in oiriúint dár mbaill agus don phobal go ginearálta le go gcuirfear leis na himeachtaí pobail a chuirimid ar fáil agus le tionchar na n-imeachtaí sin.

### An Ceangal Gaelach

Tá craobhacha den Chomhaltas in ann fáilte a chur roimh mhuintir uile na hÉireann agus áit a thabhairt dóibh go léir. Déanfaidh craobhacha den Chomhaltas thar lear iarrachtaí lena mballraíocht a fhás agus leis an tionchar a imríonn siad ar an bpobal a láidriú chomh maith le deiseanna a aimsiú le craobhacha úra a chur ar bun.

### Ardán Sóisialta

Cumarsáid leictreonach a úsáid lenár mbaill agus an pobal go ginearálta a choinneáil ar an eolas faoi chúrsaí. Tugann na modhanna cumarsáide seo deis do Chomhaltas teagmháil a dhéanamh le pobail mhóra sa bhaile agus atá i ndiaspóra na hÉireann agus i measc dhíograiseoirí cultúrtha na hÉireann ar fud na cruinne.

### Oideachas ar feadh an tSaoil

Má chuirtear na hacmhainní cuí ar fáil agus má bhíonn teacht orthu, beifear in ann plé le daltaí naíscoile go mic léinn tríú leibhéal mar chuid dár gclár oideachais.

### Tacaíocht do Chách

Má chuirtear ár mbeartais dar teideal COTHROMAÍOCHT i bhfeidhm ar bhonn leanúnach mar aon le hoiliúint ar chomhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsitheacht, beidh an Comhaltas in ann tionchar suntasach a imirt chun cultúr sábháilte ina léirítear meas a fhorbairt in earnáil na n-ealaíon do chách.

### Bí páirteach!

Cuirfidh an Comhaltas oiliúint d'oibrithe deonacha agus modúil forbartha ar fáil agus, ar an dóigh sin, beidh tionchar suntasach againn ar an earnáil dheonach trí chéile agus bainfear torthaí níos fearr amach i gceantair a bhfuil craobhacha againn.

2030

An Eagraíocht

# Ár nDaoine

Bunchloch an Chomhaltais ná ár bpobal. Agus iad ag obair thar ceann an Chomhaltais, ba chóir go mbraithfeadh ár mbaill, oibrithe deonacha agus baill foirne go bhfuil tacaíocht ann dóibh, meas orthu, naisc acu agus iad go muiníneach, an méid sin mar gheall ar na gníomhartha, seirbhísí agus tacaíocht a chuirfidh an ghluaiseacht ar fáil dóibh.

## Mar a sheasann cúrsaí...

### Cumhacht na nDaoine

Tá líonra díograiseach oibrithe deonacha ag an gComhaltas a thugann tacaíocht le cultúr na hÉireann a fhorbairt ar fud na hÉireann agus na cruinne, go háirithe an ceol.

### Fóram Oscailte

Is iad na hoibrithe deonacha a thugann ceannasaíocht don Chomhaltas ar gach leibhéal agus éistear le tuairimí na n-oibrithe deonacha i struchtúr ilsrathach na heagraíochta.

### Tacaíocht Foirne

Cuireann an Comhaltas deiseanna deonacha ar fáil do chách, agus tacaíocht ina leith, gan beann ar bith ar aois, cine, creideamh, eitneachas, inscne, míchumas nó gnéaschlaonadh, srl.

### Déimeagrafach Leathan

Meallann an Comhaltas déimeagrafach leathan d'oibrithe deonacha, ó thaobh de go háirithe, agus éagsúlacht taithí agus modhanna acu ina róil. Fágann sé seo go mbíonn an Comhaltas ag athrú de shíor mar eagraíocht.

### An Fhoireann Lárnach

Tá foireann bheag lárnach ar tuarastal ag an gComhaltas chun tacú le hobair na gcraobhacha agus na n-oibrithe deonacha agus a dhéanann bainistíocht laethúil na gluaiseachta agus na n-imeachtaí a riar.

### Fréamhacha Fadbhunaithe

Tá fréamhacha fadbhunaithe ag an gComhaltas sa phobal agus aithnítear é sa Rialtas agus i ngníomhaireachtaí reachtúla an Rialtais as an éiteas ann i leith obair dheonach.

### Fórsa Fleadhanna

Meallann an Comhaltas na mílte d'oibrithe deonacha le haghaidh Fleadhanna agus imeachtaí gach bliain. Déantar nasc idir na daoine seo agus a bpobal, cuirtear le muinín an phobail agus déantar forbairt ar scileanna na ndaoine.

### Cultúr Uasal

Agus muid tar éis an tionscnamh COTHROMAÍOCHT a sholáthar inar cuireadh an comhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsiú chun cinn, tá an Comhaltas i ndiaidh cur le hiarrachtaí chun cultúr sábháilte measúil a fhorbairt sna healaíona do gach duine a bhaineann leo.

### Dúshlán Romhainn:

*Má dhéanaimid forbairt ar mhuintir an Chomhaltais agus ar na daoine ar mian leo a bheith ag plé leis an eagraíocht agus le himeachtaí na heagraíochta,*

**beidh an Comhaltas in ann na torthaí a fheabhsú dár rannpháirtithe, deiseanna a chur ar fáil dár bpobail, agus cur le torthaí cultúrtha na gluaiseachta.**

2023



Pictiúr: John McCauley

## Ceann scríbe...

### Uchtach a thabhairt do Dhaoine

Déanfaidh Comhaltas forbairt ar straitéis le haghaidh daoine chomh maith le hacmhainní a fháil chun ról mar oifigeach forbartha agus oiliúna oibrithe deonacha a chruthú don eagraíocht. Mar sin, beidh imeachtaí ábhartha oiliúna ann i rith na bliana taobh le hábhar tacaíochta lena chinntiú go mbeidh tacaíocht agus forbairt ar fáil ar bhonn leanúnach d'oibrithe deonacha an Chomhaltais.

### Ceannairí Amach Anseo

Cuirfidh an Comhaltas clár urraithe meantóireachta, oiliúna agus cóitseála ar bun le hoibrithe deonacha a bhfuil taithí acu teacht ar cheannairí don am atá le teacht agus le pleanáil forbartha agus comharbais craobhacha a shocrú.

### Ceardlanna Deireadh Seachtaine

Déanfaidh an Comhaltas iarracht ghníomhach oibrithe deonacha nua a tharraingt chomh maith le ceardlanna/ imeachtaí deireadh seachtaine a thabhairt isteach faoi choinne oibrithe deonacha nua chun tacaíocht eatarthu féin taobh amuigh den chraobh a chothú agus le hoibrithe deonacha a chur ag plé le cuspóirí agus spriocanna na heagraíochta.

### Líonra Oibrithe Deonacha

Déanfaidh an Comhaltas bunachar sonraí d'oibrithe deonacha a fhorbairt le go mbeifear in ann cumarsáid a dhéanamh le hoibrithe deonacha ar gach grád agus le cumarsáid a bhaineann le róil ar leith a chuíchóiriú. Fágfaidh sé seo go mbeidh níos mó teagmhála agus cumarsáide ann leis na hoibrithe deonacha agus níos mó tacaíochta dóibh.

### Foireann Dhomhanda

Cuirfidh an Comhaltas le líon na mball foirne go náisiúnta agus go réigiúnach chun tacaíocht a thabhairt dár n-oibrithe deonacha agus iad a fhorbairt. Má dhéantar forbairt ar bhaicle ollmhór na n-oibrithe deonacha atá sa Chomhaltas, beidh an eagraíocht in ann tionchar iontach mór a imirt ar fhorbairt na hearnála oibrithe deonacha de thairbhe scála agus scóip na heagraíochta.

### Comhshaothar

Féachfaidh Comhaltas le fáil amach an féidir cláir forbartha ceannaireachta óige a nascadh le caighdeáin náisiúnta, e.g. Gaisce (Gradaim Óige Uachtarán na hÉireann).

### Clann na Fleidhe

Coinneoidh an Comhaltas taifead den fhaisnéis a bhaineann le hoibrithe deonacha ócáideacha ó imeachtaí agus Fleadhanna chun iad a choinneáil ar an eolas maidir le deiseanna amach anseo le bheith páirteach san eagraíocht.

### Leanúnachas Cultúir

Cuirfidh an Comhaltas an tionscnamh COTHROMAÍOCHT ar fáil ar bhonn leanúnach agus chun cultúr slán sábháilte a fhorbairt sna healaíona do chách agus meas orthu ann.

### Ceiliúradh ar ár nDaoine!

Cuirfidh an Comhaltas le feiceálacht agus insroichteacht na ngradam aitheantais atá ag an eagraíocht i gcomhair oibrithe deonacha, is iad sin an Gradam Seirbhíse, Gradam na nÓg agus dá réir sin, lena dheimhniú go mbeidh oibrithe deonacha ar fud na heagraíochta in ann a dtionchar féin a aithint agus spriocanna ginearálta an Chomhaltais á mbaint amach.

2030

An Eagraíocht

# Pobal Sóisialta

Is mó i bhfad an Comhaltas ná eagraíocht cheoil go díreach, tá sé fréamhaithe sa phobal agus déanann sé ceangal idir daoine agus pobail i líonra na gcraobhacha chomh maith le torthaí sóisialta tábhachtacha a bhaint amach sna gníomhaíochtaí agus imeachtaí a reáchtáiltear.

## Mar a sheasann cúrsaí...

### Spás Pobail

Tá Comhaltas ag cur buntáistí suntasacha sóisialta ar fáil faoi láthair san éagsúlacht bonneagair/foirgneamh atá ag an eagraíocht chomh maith leis na spásanna pobail a bhfuiltear ag tacú leo.

### Naisc sa Phobal

Déanann an Comhaltas forbairt ar an ionchuimsiú agus comhtháthú sóisialta agus laghdú ar an scoiteacht agus uaigneas mar thoradh ar ghníomhaíochtaí, ranganna, seisiúin craobhacha, imeachtaí agus cláir oideachais na heagraíochta.

### Cothú Líonraí Cultúrtha

Déanann an Comhaltas caipiteal sóisialta a fhorbairt i ngníomhaíochtaí líonra na gcraobhacha agus mar pháirt den obair chun Fleadhanna agus imeachtaí a eagrú. Sna gníomhaíochtaí agus imeachtaí seo déantar caidreamh, comhar agus comhshaothar an phobail a fheabhsú.

### Foghlaim ar feadh an tSaoil

Cuireann an Comhaltas le deiseanna forbartha scileanna agus deiseanna deonacha i ngach aoisghrúpa agus ar gach leibhéal. Cuirtear deiseanna ar fáil don fhoghlaim ar feadh an tsaoil, chun scileanna a fhorbairt agus gníomhaíocht inchinne a chur chun cinn, trína ndéantar feidhmiú cognaíoch a fheabhsú.

### Caighdeán an tSaoil a Fheabhsú

Is iomaí gníomhaíocht phobalbhunaithe atá ar bun ag an gComhaltas, Comhaltas le linn an lae go háirithe, ina ndéantar meabhairshláinte agus folláine na rannpháirtithe a fheabhsú ós rud é go mbíonn seans acu páirt a ghlacadh go rialta i ngníomhaíochtaí cultúir, sna healaíona agus fóillíochta agus teagmháil shóisialta ann.

### Teacht ag Cách

Cuireann an Comhaltas le deiseanna do chách chun teacht ar chultúr agus páirt a ghlacadh ann, óige na tuaithe go háirithe, ina líonra craobhacha pobalbhunaithe.

### Cur Chuige Aoisbháúil

Cuireann an Comhaltas an teagmháil idirghlúine chun cinn, gné den saol atá riachtanach chun cur le tuiscint daoine, chun cur i gcoinne an aoiseachais agus chun cur le saol gach rannpháirtí.

### Naisc Straitéiseacha

Déanann an Comhaltas naisc straitéiseacha agus comhpháirtíocht a fhorbairt agus an eagraíocht ag obair in earnáil an phobail, san earnáil dheonach, san earnáil phríobháideach agus san earnáil phoiblí.

### Dúshlán Romhainn:

*Déanfar tuilleadh forbartha ar ár ngníomhaíochtaí, imeachtaí agus spásanna agus,*

**ar an dóigh sin, beidh an Comhaltas in ann tionchar níos mó a imirt ar mhaithe leis an tsochaí go ginearálta agus athruithe dearfacha a bhaint amach do dhaoine agus do ghrúpaí.**

2023


Pictiúr: Brian Lawless

Kevin Kennedy agus Joe Connaire, an Muileann gCearr 2022

## Ceann scríbe...

### Ionaid Chultúrtha

Déanfar na 19 gCultúrlann a fhorbairt ionas gur moil an phobail a bheidh iontu a dhéanfaidh teagmháil le pobal níos leithne agus níos éagsúla, chomh maith le seirbhísí agus áiseanna a chur ar fáil dóibh. Ar an dóigh sin, cuirfidh an Comhaltas le tionchar sóisialta na heagraíochta.

### Pobal do gach duine sa Chomhaltas

Déanfar Fleadhanna agus gníomhaíochtaí pobalbhunaithe an Chomhaltais a fhorbairt níos mó agus, dá bharr, cuirfear le tionchar na heagraíochta ar an ionchuimsiú, ar an uaigneas a leigheas agus ar chomhtháthú sóisialta.

### Ceannairí Óige

Osclóidh an Comhaltas conairí úra do dhaoine óga agus bainfear leas as líonra na gcraobhacha áitiúil le ceannairí a aimsiú don am atá le teacht. Tabharfar áit cheart do chlár ceannaireachta óige chomh maith le cláir urraithe mheantóireachta, oiliúna agus chóitseála agus oibrithe deonacha áitiúla a bhfuil neart taithí acu. D'fhéadfaí é seo a nascadh le Gaisce Uachtarán na hÉireann.

### Forbairt Oibrithe Deonacha

Cuirfidh Comhaltas acmhainní breise ar fáil chunoiliúint agus deiseanna forbartha a chur ar fáil d'oibrithe deonacha, ábhar tacaíochta agus áis go díreach do bhaill foirne ina measc. Ar an dóigh sin, ní hamháin go gcuirfidh Comhaltas leis na deiseanna don fhoghlaim ar feadh an tsaoil ar mhaithe lena thairbhithe féin, ach rud é a d'fhéadfadh tionchar suntasach a imirt ar an bpobal i gcoitinne agus ar an earnáil oibrithe deonacha.

### Rannpháirtíocht laethúil

Beidh ról ag an gComhaltas agus gníomhaíochtaí á bhforbairt don ordú gníomhaíochtaí sóisialta, is é sin Comhaltas le linn an lae, a chuirfear i bhfeidhm ar bhonn níos leithne bunaithe ar infheistíocht ón Rialtas. Tugtar daoine le chéile i gComhaltas le linn an lae chun páirt a ghlacadh sa cheol agus/nó damhsa, imeachtaí a théann chun tairbhe don tsláinte agus don fholláine, mar shampla, níos mó teagmháil shóisialta, níos lú strus, agus mar sin de.

### Seirbhísí a Fhorbairt

Cuirfear tuilleadh acmhainní ar fáil d'ionaid an Chomhaltais agus, mar sin, cuirfear le réimse na seirbhísí a chuirtear ar fáil iontu go réigiúnach agus déanfar forbairt ar na naisc a dhéanann siad le gníomhaireachtaí reachtúla agus pobail

### Líonraí Sóisialta

Cuirfidh an Comhaltas tuilleadh imeachtaí pobail ar fáil chun caipiteal sóisialta a mhéadú, deiseanna don teagmháil shóisialta a chur ar fáil agus ionas go bhféadfar líonraí tacaíochta a fhorbairt ar mhaithe le rannpháirtithe.

### Muintearas Pobail

Bainfidh an Comhaltas leas as cláir spriocdhírithe chun níos mó teagmháil idirghlúine a spreagadh chomh maith le seachadadh traidisiún ionas go gcuirfear le saol an uile rannpháirtí.

### Naisc Straitéiseacha

Ós rud é go bhfuil an Comhaltas chomh mór agus atá, cuirfidh an ghluaiseacht lena naisc straitéiseacha le heagraíochtaí deonacha agus pobail eile agus beidh mar ionadaí thar ceann na hearnála cultúrtha trí chéile.

An Eagraíocht

# Ionaid Acmhainní

Tá 19 n-ionad ag an gComhaltas faoi láthair ar fud oileán na hÉireann. Sna hionaid seo tugtar tacaíocht do líonra oibrithe deonacha agus craobhacha an Chomhaltais agus baintear fís an Chomhaltais amach - an réamheolaire seo san áireamh. Is cuid thábhachtach den tírdhreach cultúrtha agus de bhonneagar an phobail iad ar fud an oileáin.

## Mar a sheasann cúrsaí...

### Ionaid Réigiúnacha Acmhainní

Tá seacht nIonad Réigiúnacha Acmhainní ann agus iad suite i mBaile Átha Cliath, i dTiobraid Árann, san Iarmhí, i Sligeach, i gContae Lú, i dTír Eoghain agus i gContae an Chláir.

### Meitheal

Tugann na hionaid réigiúnacha agus for-rochtana na pobail a bhfuil siad suite iontu le chéile agus, mar chuid den tionscnamh Meitheal, baineann siad fís an Chomhaltais amach, is é sin “fáil mar is ceart a thabhairt do dhaoine ar na healaíona traidisiúnta”.

### Cultúrlanna

Áis thábhacht don phobal atá sna Cultúrlanna seo atá mar chuid lárnach de bhonneagar na n-ealaíon ar leibhéal áitiúil.

### Fondúireacht Chultúrtha

Cuirtear seirbhísí eagraithe agus cúltaca ar fáil i ngach Ionad Réigiúnach Acmhainní dá réigiún féin. Cuirtear clár cuimsitheach ilghnéitheach oideachais, siamsaíochta, oiliúna, cartlannaíochta, eolais, agus mar sin de, ar fáil i ngach ionad acu.

### Tacaíocht Satailíte

Tá dhá Ionad For-Rochtana Cultúrtha déag ann chomh maith agus iad suite i gCora Finne, i mBaile idir Dhá Abhainn, ar an Tulach, i gCill Rois, in Inis Díomáin, i Leic Snámha, i dTrá Lí, in Eochaill, i Séipéal na Carraige, ar an Móta, i mBaile na Carraige agus i dTulach Mhór

### Suíomhanna Aitheanta

Tá daoine i ndiaidh cuid de na hionaid a bhronnadh ar an gComhaltas agus tá stair shuntasach taobh thiar de chuid acu. Ina measc tá dhá theach pobail, príosún, clochar, scoil agus tá ceann acu in aice le Carraig Phádraig

### Ceanncheathrú an Chomhaltais

Foras don Chultúr Gaelach is ea Cultúrlann na hÉireann, Baile na Manach, Contae Bhaile Átha Cliath. Ceanncheathrú Chomhaltas Ceoltóirí Éireann atá ann. Déanann an Chultúrlann na 19 nIonad Chultúrtha a chomhordú agus tugann tacaíocht le clár cultúrtha an Chomhaltais a bhaint amach sa bhaile agus thar lear.

### Infheistíocht san Oidhreacht Chultúrtha

Tá tacaíocht fhial curtha ar fáil ag an Stát don fhorbairt náisiúnta agus idirnáisiúnta seo.

### Dúshlán Romhainn:

*Mar thoradh ar infheistíocht sna foirgnimh atá againn chomh maith le méadú ar fhoinsí ioncaim, cuirfear leis an gComhaltas agus beimid le fáil i níos mó áiteanna ar fud an oileáin agus i dtíortha eile.*

**Mar sin, cuirfear leis na seirbhísí atá ar fáil inár n-ionaid agus déanfar a chinntiú go gcuirfear an treochlár uaillmhianach seo i bhfeidhm ar bhealach a bheidh cothrom ó thaobh na réigiún de.**

2023

## Cairde an Chomhaltais



**An Dr Robert Harvey - Léachtóir agus Ceoltóir**
*Laois: Feadóg Mhór*

Tá tionchar nach beag imeartha ag an gComhaltas orm i saol an cheoil agus ar mo shaol gairmiúil. Bhí deiseanna agam le craobh Chamrois agus mé óg ceol a sheinm, a thaifeadadh agus a thabhairt ar camchuairt a spreag mé i dtreo an cheoil mar ghairm bheatha agus staidéar a dhéanamh ar cheol na hÉireann go leibhéal PhD. Agus mé ag freastal ar Scoil Éigse, Fleadhanna Ceoil, SCT agus ranganna na craoibhe gach seachtain, cothaíodh an mhuinín agus na scileanna ionam ceol a sheinm agus tá rian na taithí sin ar an gcur chuige múinteoireachta atá agam. Creidim go bhfuil sé tábhachtach na deiseanna ceannanna céanna a thabhairt do cheoltóirí óga i mo chuid oibre ag teagasc i gcraobhacha den Chomhaltas, ar chúrsa an TTCT, in ollscoileanna agus le Ceoltóirí Óga Laighean.

## Ceann scríbe...

### Athchóiriú Réigiúnach

Na 19 nIonad Chultúrtha a uasghrádú agus a fhorbairt mar mhoil phobail a rachaidh i mbun plé le pobal níos leithne agus níos éagsúla chomh maith le seirbhísí agus áiseanna a sholáthar dóibh.

### Comhar Turasóireachta

Agus riachtanais na tuaithe agus na hearnála turasóireachta in Éirinn á gcur san áireamh, baill foirne agus éascaitheoirí a bhfuil scileanna agus speisialtóireachtaí áirithe acu a earcú chun réimse seirbhísí, oiliúna, comhdhálacha a chur ar fáil mar aon le tionscadail agus imeachtaí comhpháirtíochta.

### Príomhchuspóir

Na hionaid a chumasú agus acmhainní a chur ar fáil dóibh, ina réigiún féin sa tionscnamh Meitheal, ionas go mbeidh siad mar chomhpháirtí riachtanach le clár ginearálta náisiúnta/idirnáisiúnta an Chomhaltais a bhaint amach taobh le tionscnaimh oiriúnacha eile de chuid an Stáit.

### Lán Acmhainní

Na hacmhainní riachtanacha a chur ar fáil, idir earraí agus acmhainní daonna, le go mbeidh na hionaid in ann freastal ar áiteanna taobh amuigh den cheantar díreach thart orthu, is é sin lucht éisteachta náisiúnta agus idirnáisiúnta.

### Margadh Domhanda

Siopa lárnach ar líne a fhorbairt i gcomhair acmhainní, bíodh sin leabhair, dlúthdhioscaí, ábhar foghlama agus ábhar turasóireachta, srl., mar fhreagairt ar an spéis idirnáisiúnta i dtraidisiúin chultúrtha na hÉireann, atá ag fás. Tá fianaise den spéis sin le fáil má bhreathnaítear gur daoine as áiteanna seachas Éire atá in 25% acu siúd a fhreastalaíonn ar Fhleadh Cheoil na hÉireann.

### Ceann Chúrsa an Chomhaltais

Athbhreithniú a dhéanamh chun an cumas ar leith ó thaobh cultúir de a bhaint amach i gcás na 19 gcultúrlann atá ann faoi láthair. Mar chuid den athbhreithniú, déanfar deiseanna infheistíochta a mheas i dtaobh taispeántais idirghníomhacha sna hionaid ar fad chomh maith le fáil amach an bhféadfadh iad a bheith mar ionaid eolais do thurasóirí ag Fáilte Éireann/Turasóireacht Éireann.

### Tuilleadh Ionaid Acmhainní

De réir mar a thiocfaidh deiseanna chun cinn, tuilleadh ionad a bhunú de réir mar a theastóidh agus mar is cuí.

### Tacú le Tionscnaimh

Déanfaidh an Comhaltas a dheimhniú go mbeidh tacaíocht leanúnach ag na Cultúrlanna Réigiúnacha chomh maith le maoiniú a lorg chun cur leis an tacaíocht sin agus leis na cláir a chuirtear ar fáil iontu.

### An Réamheolaire a Scaipeadh

Déanfaidh an Comhaltas an réamheolaire seo a scaipeadh ar Ionaid Acmhainní Réigiúnacha agus Ionaid For-rochtana ar fad na heagraíochta ionas go mbainfear na cuspóirí straitéiseacha atá ann ar bhealach a bheidh cothrom ó thaobh réigiúin éagsúla de.

2030

An Eagraíocht

# Cartlanna Cultúrtha

Tá cartlann agus leabharlann ollmhór d'acmhainní cultúrtha curtha le chéile ag an gComhaltas sa 70 bliain ó bunaíodh é. Tá na bailiúcháin seo le fáil go náisiúnta agus go réigiúnach. Tá moll mór de na míreanna ar fáil ar líne nó ar an láthair i gceann de na 19 nIonad Réigiúnacha atá againn ar fud na hÉireann. Is féidir na hacmhainní a úsáid chun críocha oideachais agus siamsaíochta agus áis luachmhar iad le scéal cultúir agus oidhreachta na hÉireann a aithris.

## Mar a sheasann cúrsaí...

### Cartlann Chultúir

Stór digiteach a bhfuil rochtain saor in aisce air atá i gCartlann an Chomhaltais, ábhar a bailíodh san eagraíocht nó a bronnadh ar an eagraíocht ó bunaíodh í seachtó bliain ó shin. Tá an chartlann nasctha le comhéadan de chuid an AE, Europeana Sounds. Tá thart ar 20,000 mír sa chartlann, idir ábhar fuaime, físe, clóite agus grianghrafadóireachta.

### Treoir

Tugtar cóip den iris Treoir do gach ball, páirtí leasmhar agus ionadaí pobail san eagraíocht. Tá sé ar fáil ar láithreán gréasáin an Chomhaltais chomh maith. Bíonn éagsúlacht alt in Treoir a bhaineann le gach gné de na healaíona traidisiúnta Gaelacha: ceol uirlise, amhránaíocht, damhsa, scéalaíocht, filíocht, stair shóisialta agus béaloideas, chomh maith le nuacht i dtaobh imeachtaí.

### Cartlanna Pobail

Is iomaí sin duine agus craobh atá i ndiaidh cartlann mhór phearsanta nó phobail a chur le chéile d'ábhar a bhaineann lena gceantar féin. Tá na bailiúcháin seo bronnta ag cuid mhór craobhacha ar an gComhaltas nó tá sé i gceist ag cuid eile é sin a dhéanamh amach anseo.

### Is éard is ComhaltasLive ann

clár seachtainiúil de thaifeadtaí closamhairc beo de cheol traidisiúnta Gaelach atá le fáil ar comhaltas.ie. Bíonn clár 20 nóiméad ann gach seachtain agus ceoltóirí ó gach áit ar fud na hÉireann agus ar fud an domhain le feiceáil air i míreanna beaga an chláir. In éineacht leis sin tugtar eolas maidir leis na ceoltóirí agus an ceol.

### Taispeántais faoin gCeol

Tá taispeántas i gcuid mhór d'Ionaid Réigiúnacha an Chomhaltais ina dtugtar eolas ar dhuine, cultúr nó ábhar a bhfuil suim áitiúil ann ó thaobh staire nó cultúir de. Ina measc siúd tá Glór na gCianta in Ionad Cultúrtha Brú Ború, Caiseal, stair thraidisiún ceol Shligigh Theas i gCeoláras Coleman, agus an taispeántas léirmhíniúcháin maidir le Príosún Dhún Dealgan in Ionad Oirialla.

### Taifeadtaí

Tá an Comhaltas ag cur i gcónaí leis an gcartlann le taifeadtaí atá á ndéanamh ag na hIonaid Réigiúnacha agus táthar ag tacú le craobhacha áitiúla taifead a dhéanamh de cheoltóirí, imeachtaí agus áiteanna ar fiú trácht orthu.

### Saothar Closamhairc

Tá corradh le 85 foilseachán fuaime, cló agus closamhairc curtha ar fáil ag an gComhaltas, ar cheol uirlise, amhránaíocht, damhsa, scéalaíocht agus foilseacháin stairiúla eile. Tú fiúntas oideachais agus tábhacht stairiúil ag baint le cuid mhór de na foilseacháin seo.

### Cartlann YouTube

Tá áiseanna tábhachtacha eile againn, is iad sin stáisiún YouTube an Chomhaltais agus Chois na hAbhna. Orthu sin, gheofar taifeadtaí de cheol traidisiúnta na hÉireann atá mar thaifead comhaimseartha ar cheoltóirí agus stíleanna ceoil ár linne. Tá na taifeadtaí seo ar fáil saor in aisce ar fud na cruinne le ceol traidisiúnta na hÉireann a chur chun cinn mar eiseamláir dár nOidhreacht Chultúrtha Inbhraite.

### Dúshlán Romhainn:

*Sna hacmhainní cultúrtha agus sa chartlann tá áis luachmhar á tairiscint chun scéal cultúrtha agus oidhreachta na hÉireann a aithris.*

**Má dhéantar tuilleadh infheistíochta sa digitiú agus i mbonneagar na cartlainne, beidh an Comhaltas in ann a dheimhniú go mbeidh na hacmhainní cultúrtha seo agus na cinn amach anseo ar fáil acu siúd go léir a bhfuil dúil acu i gcultúr na hÉireann agus iad ar fud na cruinne.**



CCÉ - Balla Mór na Síne

## Ceann scríbe...

### Spotsolas ar an gCartlann

Áis luachmhar chultúrtha atá sna taifeadtaí sa chartlann ar leibhéal náisiúnta agus réigiúnach. Ní aithnítear go forleathan iad fós, áfach. Tá deis ann daoine a chur ar an eolas faoin gcartlann agus faoin méid atá inti, ní amháin i measc ceoltóirí agus lucht léinn agus i measc an phobail i gcoitinne. D'fhéadfadh méadú a theacht ar an ábhar a bhronntar ar an gcartlann mar gheall ar an bhfeachtas fógraíochta seo.

### An suíomh gréasáin a thabhairt suas chun dáta

Tá infheistíocht ag teastáil chun feidhmiúlacht an tsuímh gréasáin reatha don chartlann a nuashonrú le go mbeidh comhoiriúnacht ann do gach fón cliste. Mar chuid den nuashonrú seo, feidhm a bheith ann le taifeadadh a dhéanamh ar an toirt agus le bheith in ann ábhar a uaslódáil, uaslódálacha díreacha ó fhón póca nó táibléad san áireamh.

### Catalógú Cultúrtha

Féachfaidh Comhaltas le hinfheistíocht a dhéanamh chun acmhainní a chur ar fáil leis an ábhar ar fad atá i seilbh an Chomhaltais a dhigitiú agus a chatalógú. Fágfaidh sé sin go mbeidh teacht go forleathan ag cách ar an acmhainn luachmhar iomlán arb í cartlann an Chomhaltais í.

### Taispeántas Cartlainne

Déanfaidh an Comhaltas an scéal a fhiosrú le fáil amach an féidir taispeántas soghluaiste a dhéanamh, agus míreanna closamhairc ó Chartlann an Chomhaltais ann, a bhféadfaí é a thabhairt go hionaid ar fud na hÉireann agus go háiteanna eile i líonra an Chomhaltais agus gné oideachais ann.

### Athbhreithniú ar Thaispeántais

Athbhreithniú a dhéanamh ar na taispeántais atá sna hIonaid Chultúrtha faoi láthair, mar aon le taighde ar an infheistíocht a bheadh ar fáil faoi chomhair taispeántais idirghníomhacha i ngach ionad.

### Ceolfhoireann Tíre

Leanfaidh an Comhaltas ar aghaidh leis an tacaíocht chun ceolfhoirne tíre náisiúnta agus réigiúnacha a fhorbairt. Grúpaí á n-oiliúint lena dheimhniú go ndéanfar stíleanna réigiúnacha ceoil a fhorbairt, le coimisiúin úra a chur chun cinn agus le deiseanna a chruthú le go mbeidh baill in ann a scileanna seanma agus stór ceoil a fhorbairt.

### Oidhreacht Chlosamhairc

Má chuirtear na hacmhainní ar fáil chun an t-ábhar foilsithe fuaime, cló agus closamhairc a dhigitiú ar leibhéal réigiúnach, bheadh teacht go héasca ann ar an ábhar, go háirithe acu siúd atá thar lear. D'fhágfadh sé go mbeadh sé ní b'fhusa míreanna a chuardach agus ábhar a chaomhnú go ceann blianta.

### Láithreacht ar Ardáin

Suíomh gréasáin úr don eagraíocht iomlán chun feiceálacht an Chomhaltais ar líne a fheabhsú. Beidh deiseanna siopadóireachta ar líne níos fearr ann chun níos mó ábhar de chuid an Chomhaltais a dhíol le go mbeifear in ann infheistíocht a dhéanamh i dtáirgí amach anseo ar bhealach a bheidh níos inbhuanaithe.

### Giniúint Ábhair

Déanfaidh an Comhaltas infheistíocht in oiliúint chun baill agus an pobal a spreagadh le daoine agus imeachtaí áitiúla a thaifeadadh agus a dhoiciméadú agus an t-ábhar úr seo a chur ar fáil do Chartlann an Chomhaltais.

2030

Gníomhaíochtaí Cultúrtha

# Fleadhanna

Tá fleadhanna contae, cúige, násiúnta/idirnáisiúnta agus fleadhanna thar lear ag an Diaspóra mar chuid de choincheap na bhFleadhanna Ceoil. Agus na himeachtaí suaitheanta seo á gcur i láthair, cuirtear chun tosaigh na gnéithe dearfacha go léir dár gcultúr, cuirtear le pobail, mealltar na mílte cuairteoirí ó thíortha eile agus tógtar ar cháil na hÉireann mar náisiún a bhfuil tuiscint ar an gcultúr ann.

## Mar a sheasann cúrsaí...

### Imeacht Faoi Leith

Líonra faoi leith is ea an Fhleadh, idir leibhéal an phobail agus an leibhéal idirnáisiúnta, áit a gcuirtear fáilte roimh chine agus cairde na hÉireann ar fud oileán na hÉireann agus ar fud na cruinne. Fógraítear an méid sin sna meáin agus faightear tacaíocht ó Rialtas na hÉireann ina leith.

### Léiriú Cultúrtha

Ó bunaíodh í a chéaduair sa bhliain 1951, léiriú cultúrtha suntasach is ea an Fhleadh Cheoil ar ár bhféiniúlacht féin mar dhaoine - agus an ceol, amhránaíocht, teanga, damhsa, béaloideas, scéalaíocht agus stair mar chuid den léiriú sin. 'Foras náisiúnta' fíorúil agus clár ilghnéitheach ann.

### Fleadh Cheoil

Le linn na Fleidhe Ceoil, déantar cumas ceoil na n-iomaitheoirí a fhorbairt. Anuas air sin, tógann siad ar an muinín agus ar na scileanna cumarsáide atá acu agus cuireann siad lena líonra tacaíochta sóisialta, a chuireann lena bhforbairt phearsanta.

### Forbairt Fleidhe

Tá forbairt déanta ar na struchtúir ar gach leibhéal den Fhleadh le seachtó bliain chun gnása agus gníomhaíochta dea-chleachtais a chur ar bun.

### Fleadh Dhomhanda

Tá Fleadh Cheoil na hÉireann– an Fhleadh náisiúnta/idirnáisiúnta – ar cheann de na féilte cultúrtha is mó ar chlár na cruinne anois. Mealltar níos mó ná 500,000 duine chuici. Daoine ag teacht as tíortha eile iad 25% acu sin. Fágann sé sin gur ócáid thábhachtach turasóireachta í. Gintear breis agus €60 milliún don gheilleagar lena linn. Tuilltear dea-fhógraíocht ar a son ar fud an domhain.

### Daoine Dícheallacha

Cuirtear na mílte de dheiseanna deonacha agus deiseanna forbartha pearsanta ar fáil le linn fleadhanna ar fud an oileáin agus thar lear.

### Mórtas Saoránach

Tugann Fleadhanna deis don áit forbairt a dhéanamh ar chaipiteal sóisialta, rannpháirtíocht an phobail agus mórtas saoránach sa cheantar.

### An Ghaeilge

In athbhreithniú a rinne Ciste na Gaeilge sa Roinn Airgeadais ar luach ar airgead, dúradh an méid seo:

***'Chuir Comhaltas Ceoltóirí Éireann timpeallacht dhearfach ar fáil a bhí oiriúnach i dtaobh normalú úsáid na Gaeilge agus inar cuireadh an Ghaeilge i láthair os comhair grúpaí móra daoine'.***

### Dúshlán Romhainn:

*Beidh an Comhaltas in ann tionchar na n-imeachtaí seo a mhéadú má bhaintear feidhm as tionscnaimh nuálacha solúbtha le forbairt a dhéanamh ar na Fleadhanna in Éirinn agus thar lear.*

Níos mó daoine agus eagraíochtaí a fháil ar bord go háitiúil mar aon le níos mó cuairteoirí idirnáisiúnta a mhealladh chuig ár mbailte móra agus sráidbhailte le blaiseadh a fháil dár gcultúr atá aitheanta ar fud na cruinne.

2023



Fleadh Cheoil na hÉireann 2016 in Inis

Pictiúr le caoinchead ó Thurasóireacht Éireann

## Ceann scríbe...

### Náisiún Fleadhanna

Beidh nasc ann anois idir Fleadh Cheoil na hÉireann agus an próiseas chun na Fleadhanna Contae, Cúige agus Diaspóra a fhorbairt agus a fheabhsú.

### Fleadh Feasta

Táimid le gaol níos mó a fhorbairt idir na Fleadhanna Contae, ar babhtaí cáilithe iad, agus na Fleadhanna Cúige. Táimid le hócáidí ceiliúrtha ar léiriú agus mianta pobail agus cultúir a mhairfidh seachtain a dhéanamh d'Fhéilte seo na gCúigí.

### Fleadhanna Seachtaine

Forbairt a dhéanamh ar gach ceann den 32 Fleadh Cheoil Contae in Éirinn gur féilte bríomhara seachtaine pobail a bheidh iontu ina gcuirfear roimh eagraíochtaí agus gníomhaíochtaí eile, mar shampla ceardaíocht, stair áitiúil, oidhreacht, an comhshaol, gníomhú ar son na haeráide, spóirt thraidisiúnta agus caitheamh ama traidisiúnta, srl., le go mbeidh níos mó deiseanna ann don phobal le bheith ag plé lenár gcultúr.

### Sruthú ón bhFleadh

Agus an sruthú á thabhairt isteach i gcás cuid de na comórtais, cuirfidh an Comhaltas an fhleadh ar fáil do lucht éisteachta agus féachana nua ar fud na cruinne agus beidh níos mo daoine ag plé leis an gcultúr Gaelach. Lena chois sin, spreagfar tuilleadh daoine ó thíortha eile le teacht ar cuairt.

### Spreagadh Turasóireachta

Bainfear leas as próiseas straitéiseach forbartha le go mbeidh na fleadhanna réigiúnacha agus cúige sa bhaile mar spreagadh turasóireachta d'Éirinn go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta a fhágfaidh a rian sna réigiúin sin a mbeidh na himeachtaí iontu.

### Clár na Fleidhe

Cuirfear acmhainní sásúla ar fáil agus déanfar clár athdheartha nua na Fleidhe ón leibhéal áitiúil go leibhéal idirnáisiúnta a phacáistiú mar tháirge cuimsitheach cultúrtha turasóireachta.

### Ardáin na Fleidhe

Bainfidh an Comhaltas leas as cineálacha éagsúla cumarsáide - nua, reatha, inmheánach, seachtrach - chun Fleadhanna a chur chun cinn go háitiúil, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta le níos mó daoine agus eagraíochtaí a fháil ar bord leis na himeachtaí cultúrtha seo.

### Forbairt ár nDaoine

Úsáidfidh an Comhaltas áis thiomnaithe forbartha agus oiliúna i gcomhair oibrithe deonacha le deiseanna breise forbartha pearsanta a chur ar fáil dóibh siúd a oibríonn go deonach linn sna Fleadhanna.

### Tacaíocht Fleidhe

Déanfaidh an Comhaltas forbairt ar chineálacha tacaíochta rannpháirtíochta ar gach leibhéal de na Fleadhanna chun cuidiú le pobail áitiúla tairbhe a bhaint as an gcaipiteal sóisialta agus mórtas saoránach a thagann as na himeachtaí sin.

2030

Gníomhaíochtaí Cultúrtha

# An Ghaeilge

Cuid mhór den Chomhaltas atá sa Ghaeilge agus áit lárnach aici i ngach beartas. Tá obair ar bun ag gach leibhéal den Chomhaltas le réimse leathan comhlachtaí leis an teanga a chur chun cinn agus le go n-úsáidfear agus go bhforbrófar í oiread agus is féidir. Mar chuid den iarracht leis seo a bhaint amach, tugann an Comhaltas deiseanna do dhaoine a dteanga féin a úsáid le linn gníomhaíochtaí agus imeachtaí a reáchtálaimid.

## Mar a sheasann cúrsaí...

### Beartais Dhátheangacha

Tá ról suntasach ag Comhaltas Ceoltóirí Éireann le traidisiúin chultúrtha na hÉireann a fhorbairt. I mbeartais dhátheangacha na heagraíochta, aithnítear an tábhacht a bhaineann le húsáid níos mó a bhaint as an teanga labhartha i ngach gníomhaíocht de chuid an Chomhaltais.

### Grá don Teanga

I measc na dtionscnamh a chuirtear ar fáil ar fud na heagraíochta chun an Ghaeilge a chur chun cinn tá: Seachtain na Gaeilge, Seomraí agus Ionad na Gaeilge ar na Fleadhanna Ceoil, Comhrá Gaeilge, Scéalaíocht, Amhránaíocht, Amhráin Nuachumtha, Ciorcail Chainte, Campaí Samhraidh mar aon le comharthaí dátheangacha i ngach imeacht agus Ionad de chuid an Chomhaltais.

### Ranganna Gaeilge

Tá ranganna Gaeilge á soláthar i gcraobhacha go leor den Chomhaltas mar chuid dá gclár imeachtaí.

### Coiste na Gaeilge

Tá Coiste na Gaeilge againn ar leibhéal náisiúnta a dhéanann beartais a cheapadh agus straitéisí a chur chun cinn ionas go mbeidh daoine in ann an Ghaeilge a fhoghlaim agus a úsáid ar bhonn níos forleithne.

### Focal ar Fhocal

Tugann an Comhaltas tacaíocht ghníomhach d'úsáid na Gaeilge i ngach gníomhaíocht a dhéantar sna craobhacha. Chuige seo, mar bheart praiticiúil gníomhach, chuir an Comhaltas clár úsáideach de chéimeanna beaga comhrá ar fáil, Focal ar Fhocal atá air, le húsáid na Gaeilge agus tuiscint uirthi a spreagadh.

### Úsáid na Gaeilge

Bíonn cultúr dearfach ann le linn imeachtaí agus gníomhaíochtaí de chuid an Chomhaltais le gur féidir le daoine ar gach leibhéal cumais an Ghaeilge atá acu a úsáid. Sna himeachtaí agus gníomhaíochtaí seo, breathnaítear ar úsáid na Gaeilge taobh amuigh den seomra ranga mar rud normálta agus cuirtear an teanga i láthair os comhair moll mór daoine.

### Treoir

Tá gach foilseachán de chuid an Chomhaltais dátheangach. Bíonn cúpla leathanach i nGaeilge in iris an Chomhaltais, TREOIR.

### Treoraithe na Gaeilge

Tá Treoraithe na Gaeilge ceaptha i ngach craobh, bord contae agus comhairle cúige den Chomhaltas.

### Dúshlán Romhainn:

*Tá an Comhaltas ag obair de shíor le deiseanna úra a chur ar fáil le tionchar ceart a imirt ar úsáid agus ar fhorbairt na teanga.*

**Déanfaidh an Comhaltas bealaí nua a fhiosrú chun daoine a spreagadh, na Nua-Éireannaigh ina measc, an Ghaeilge a úsáid in imeachtaí de chuid an Chomhaltais agus áit a thabhairt don Ghaeilge agus do chultúr na hÉireann ina saol laethúil.**

2023




Pictiúr: David Waters

## Ceann scríbe...

### Fleadh Cheoil

Is léir go n-úsáidtear an Ghaeilge mar mhodh ginearálta cumarsáide le linn Fhleadh Cheoil na hÉireann. Feictear don Chomhaltas go bhfuil an-deiseanna ag baint leis sin agus is mian linn na céimeanna riachtanacha a ghlacadh anois chun teacht i dtír ar an bhfuinneamh atá ann agus na ceachtanna atá foghlamtha a chur i bhfeidhm sa Chomhaltas go ginearálta agus sa phobal i gcoitinne.

### An Fás Dátheangach

Na gníomhartha dátheangacha atá ann faoi láthair a fhorbairt agus a fheabhsú ar fud na heagraíochta. Déanfaidh an Comhaltas modúl a fhorbairt chun oiliúint agus acmhainní a chur ar fáil mar chúltaca.

### Timpeallacht Teanga

Smaointe praiticiúla nua a mheas agus a chur i bhfeidhm, chomh maith le hacmhainní tacaíochta, chun cur níos mó le timpeallacht dhátheangach a chruthú mar a bhíonn le fáil ag Fleadhanna Ceoil agus imeachtaí eile de chuid an Chomhaltais.

### Maoiniú don Ghaeilge

Maoiniú breise a chur ar fáil faoi choinne ranganna i ngach craobh leis an oiread craobhacha agus is féidir a spreagadh le deiseanna foghlama a sholáthar i líonra iomlán an Chomhaltais.

### Forbairt i gcomhair Treoraithe

Ábhar agus acmhainní praiticiúla oiliúna a fhorbairt i gcomhair Treoraithe le go mbeidh siad ábalta cur le húsáid agus tuiscint na Gaeilge in imeachtaí agus gníomhaíochtaí de chuid an Chomhaltais.

### Campaí Samhraidh

Scéim reatha na gcampaí samhraidh sa Chomhaltas a fhairsingiú, a fheabhsú agus a fhorbairt lena dheimhniú go mbeidh gníomhaíochtaí ar fáil i ngach réigiún.

### Fáilte roimh Gach Aois

Scéim náisiúnta a chur ar bun de réir a chéile ina mbeadh tuismitheoirí agus caomhnóirí in ann freastal ar ranganna Gaeilge agus iad ag fanacht lena bpáistí a thógáil ó ranganna ceoil, amhránaíochta agus damhsa.

### Seachtain na Gaeilge

Tuilleadh forbartha a dhéanamh agus acmhainní a chur ar fáil do Sheachtain na Gaeilge ag Fleadhanna Contae agus Cúige agus ag Fleadh Cheoil na hÉireann.

### Focal ar Fhocal

Déanfaidh an Comhaltas forbairt ar an áis Focal ar Fhocal agus cuirfear ar líne é le go mbeidh daoine ábalta cur lena dtuiscint ar an nGaeilge.

Gníomhaíochtaí Cultúrtha

# Féilte agus Imeachtaí

Taobh leis na Fleadhanna, déanann an Comhaltas réimse leathan d'imeachtaí pobail, féilte agus scoileanna samhraidh i láthair a chuireann leis an méid atá ar fáil ó thaobh chultúr na hÉireann de in Éirinn agus thar lear.

## Mar a sheasann cúrsaí...

### Fleadh Nua

Tá Fleadh Nua á heagrú ag an gComhaltas, imeacht atá á reáchtáil ó 1970 agus a mheallann na mílte de chuairteoirí chun na hInse gach uile bhliain. Mórimeacht cultúrtha atá ann anois a mhaireann 10 lá agus a mbíonn breis agus 120 imeacht ar leith ann, ceolchoirmeacha, céilithe, cainteanna agus léachtaí ina measc taobh le seisiúin cheoil agus siamsaíocht sráide.

### 60+ Féile

I líonra na gcraobhacha, tugann an Comhaltas tacaíocht chun breis agus 60 ceann d'fhéilte comórtha agus rannpháirteacha nach fleadhanna iad a chur ar fáil gach bliain.

### Comhordú Imeachtaí

Toradh a bhíonn ar imeachtaí agus féilte de chuid an Chomhaltais ná go dtógtar ar scileanna agus muinín i bpobail áitiúla le himeachtaí a chur i láthair.

### Campaí Samhraidh

Tugann an Comhaltas tacaíocht chun Campaí Samhraidh agus scoileanna ceoil a chur ar fáil ar fud líonra na gcraobhacha. I measc na n-imeachtaí sin tá Scoil Éigse, Scoil Samhraidh Joe Mooney, Scoil Acla agus go leor eile. Meallann siad líon an-mhór cuairteoirí ón tír seo agus cuairteoirí idirnáisiúnta agus cuirtear úsáid na Gaeilge mar theanga bheo chun cinn.

### Féile Meitheal

I dtionscnamh Meitheal an Chomhaltais, tá an eagraíocht ag tacú le himeachtaí agus féilte nua atá ag teacht chun cinn le hiad a chothú.

### Caipiteal Sóisialta

Déantar caipiteal sóisialta a fhorbairt in imeachtaí agus féilte de chuid an Chomhaltais sna pobail ina reáchtáiltear iad. Déantar an caidreamh i bpobail a fheabhsú, mar aon le comhshaothar agus comhar le daoine óga, agus téann siad i nglac leis an imeallú sóisialta i measc daoine atá níos sine.

### Féilte

Tugann an Comhaltas tacaíocht chun 10 bhFéile a bhaineann le Comhaltas Ceoltóirí Éireann a reáchtáil chomh maith le himeachtaí cultúrtha go hidirnáisiúnta, Féilte i Meiriceá Thuaidh, Meiriceá Theas, sa Bhreatain, san Astráil agus sa tSeapáin ina measc.

### Grúpaí Seanma

Tugann an Comhaltas tacaíocht do chamchuairteanna ceolchoirmeacha éagsúla go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, do shraith na seisiún sa samhradh agus don Cheolfhoireann Tíre Náisiúnta. Tháinig an cheolfhoireann le chéile arís in 2013 chun seinm ar chúpla ceolchoirm a bhfuil ardmholadh faighte ina leith.

### Dúshlán Romhainn:

*Féadfaidh an Comhaltas raon feidhme agus scála na n-imeachtaí agus féilte a chuireann sé ar fáil a leathnú ach tuilleadh infheistíochta a ghiaráil agus gach leas a bhaint as a líonra leathan.*

**Cuirfidh an Comhaltas le muinín pobal imeachtaí agus féilte nua a fhorbairt a dhéanfaidh stíleanna réigiúnacha cultúrtha a chosaint, a spreagfaidh an turasóireacht i ngach séasúr agus ina gcuirfear áiteanna agus spásanna ar bun a mbeidh a gcultúr féin ag baint leo.**

2023

## Cairde an Chomhaltais



**Cathy Kirke - Múinteoir ceoil i meánscoil**

*Muineachán: Bodhrán, feadóg stáin, pianó*

Tá an Comhaltas i ndiaidh an oiread sin deiseanna ceoil a thabhairt dom mar dhuine fásta. Thug an Comhaltas seans dom cairdis go leor a fhorbairt agus neart deiseanna a thapú nach mbeadh againn gan an eagraíocht. Tá páirt glactha agam i gcomórtais, moltóireacht déanta agam orthu agus tréimhsí caite agam mar bhall de ghrúpaí ar camchuairt leis an gComhaltas. Mar bhall den Chomhaltas bhí deis agam ceol a sheinm sa Cheolfhoireann Tíre Náisiúnta agus i gCeolfhoireann Óige Tíre chun Ómós na nUltach a sheinm go poiblí. Thar aon ní eile, tá mé buíoch as na deiseanna atá agam go dtí seo bualadh leis an oiread sin cairde agus ceol a dhéanamh ina dteannta

## Ceann scríbe...

### Turasóireacht na bhFéilte

Mealltar cuairteoirí as tíortha eile thar lear chuig cuid mhór imeachtaí de chuid an Chomhaltais, Fleadh Nua ina measc. Déanfaidh an Comhaltas tuilleadh cuairteoirí, ceoltóirí agus damhsóirí as Stáit eile chun freastal ar na himeachtaí seo nó páirt a ghlacadh iontu. Úsáidfear infheistíocht spriocdhírithe i straitéis um margaíocht agus cumarsáid a bheidh dírithe ar an diaspóra agus ar chuairteoirí eile ó Stáit eile a d'fhéadfadh teacht.

### Imeachtaí don Óige

Déanfaidh an Comhaltas an scéal a fhiosrú maidir le himeacht don óige a reáchtáil. Díreofar ar dhaoine óga san imeacht seo agus is iad Oifigigh Óige an Chomhaltais a dhéanfaidh é a dhearadh, a ullmhú agus a chur i láthair. Sna himeachtaí seo, ba chóir go mbeadh tús áite ag na prionsabail a bhaineann le Cothromaíocht, is iad sin Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú, chun cultúr slán sábháilte fáilteach a chur ar fáil do chách.

### Bratacha an Bhranda

Déanfaidh an Comhaltas cistí a lorg chun infheistíocht a dhéanamh le bratach don bhranda a fhorbairt faoi choinne féilte agus imeachtaí, ar aon dul le branda na Fleidhe Ceoil. D'fhágfadh sé seo go mbeifí ábalta na himeachtaí a chur chun cinn mar phacáiste le go mbeadh imeachtaí nua agus imeachtaí thar lear ní b'fheiceálaí.

### Ceolchoirmeacha Aos Óg

Cuid den Fhleadh Nua le fada. Agus na hacmhainní agus an fhógraíocht cheart ann bheifí in ann imeacht den chineál céanna a léiriú le linn imeachtaí eile de chuid an Chomhaltais. Bheifí in ann seóthaispeántas náisiúnta a dhéanamh de don chuid is fearr de na ceoltóirí, amhránaithe agus damhsóirí traidisiúnta atá ag teacht chun cinn ar fud na tíre agus thar lear.

### Próisis maidir le Pleanáil

Déanfar níos mó infheistíochta i Meitheal, tionscnamh tacaíochtaí le haghaidh imeachtaí agus, bunaithe air sin, déanfaidh an Comhaltas a rioscaí a laghdú i dtaobh pleanála agus soláthair i gcás craobhacha deonacha atá ag iarraidh imeachtaí nua agus 'Campaí Samhraidh' a spreagadh ionas go dtig leo páirt a ghlacadh chomh maith le himeachtaí reatha a fhorbairt.

### Seimineáir Oiliúna le haghaidh Imeachtaí

Cuirfidh an Comhaltas sraith chuimsitheach de sheimineáir oiliúna bainistíochta imeachtaí ar fáil, ar líne agus ar an láthair, lena chinntiú go ndéanfar gach imeacht, féile agus gníomhaíocht a chur i láthair ar bhealach sábháilte a bheidh ag teacht leis an dea-chleachtas. Cuirfidh sé seo le scileanna daoine ar fud an líonra agus sa phobal trí chéile. Déanfar caighdeán áirithe a shocrú agus imeachtaí á bhforbairt agus á gcur i láthair.

### Ceol Tíre na Todhchaí

Tabharfaidh an Comhaltas tacaíocht leanúnach do Cheolfhoireann Tíre na hÉireann lena chinntiú go mbeidh an cheolfhoireann in ann ceol a sheinm go poiblí in imeachtaí agus féilte náisiúnta agus réigiúnacha maille le deiseanna a chur ar fáil do na baill a scileanna seanma agus stór ceoil a fhorbairt.

### Camchuairteanna

Déanfaidh an Comhaltas maoiniú breise agus tacaíocht bhreise a lorg le deiseanna camchuairte náisiúnta agus idirnáisiúnta a mhéadú chomh maith le tacaíocht a chur ar fáil d'ionadaíochtaí taidhleoireachta le go mbeidh traidisiúin chultúrtha na hÉireann le feiceáil go háitiúil, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.

### Imeachtaí Domhanda

Rachaidh an Comhaltas sa tóir ar thuilleadh infheistíochta chun cur leis na féilte atá ann faoi láthair i gcraobhacha an diaspóra agus chun imeachtaí úra a fhorbairt ina gcuirfear ár cultúr i láthair agus chun cinn thar lear agus i measc phobal na nÉireannach ar fud an domhain.

2030

Is mian linn ár n-oidhreacht luachmhar a fhorbairt, le go mbeidh teacht ag daoine ar chultúr faoi leith na hÉireann agus, mar sin, go mbeimid in ann ár bpobail a fhorbairt.





Pictiúr: Gary McGivney

Oideachas

# Oideachas

Cuireann an Comhaltas na céadta de dheiseanna oideachais, ranganna agus cláir ar fáil gach seachtain ina gcuirtear an tsármhaitheas chultúrtha chun cinn taobh amuigh d'earnáil an oideachais fhoirmiúil. Sna gníomhaíochtaí seo cuirtear níos mó deiseanna ar fáil don fhoghlaim ar feadh an tsaoil agus tógtar ar scileanna foghlaimeoirí agus scileanna na sochaí go ginearálta.

## Mar a sheasann cúrsaí...

### Ranganna na gCraobhacha

Cuirtear na céadta de ranganna ar fáil i ranganna den Chomhaltas gach seachtain, is iad sin ranganna ceoil, amhránaíochta, Gaeilge agus damhsa. Tugann siad seo deiseanna sóisialta agus seans dóibh ceol a sheinm ar bhonn iomaíoch agus neamhiomaíoch.

### Trad is Fab

Clár bunscoile é seo ina gcuirtear an ceol traidisiúnta Gaelach i láthair a bhaineann le gnéithe de churaclam reatha na bunscoile.

### Scoil Éigse

Scoil samhraidh idirnáisiúnta a reáchtáiltear ar na 5 lá roimh Fhleadh Cheoil na hÉireann. Tá breis agus 70 rang ann ar na huirlisí ar fad, san amhránaíocht, don Ghaeilge agus sa damhsa.

### Scrúdú Ceol Tíre (SCT)

Is éard is SCT ann ná sraith scrúduithe grádaithe atá deartha chun freastal ar aistear an cheoltóra ó chumas bunúsach le port a bhualadh go máistreacht ar an traidisiún. Tá ceithre ghné rangaithe ann, is iad sin seinm, cluasbhraistint, plé ar cheol agus amharcléamh.

### Oiliúint ar Mhúinteoirí - TTCT

Is éard atá sa Teastas i dTeagasc Ceolta Tíre cúrsa seachtaine a mbíonn seisiúin phraiticiúla teagaisc, modheolaíocht, litearthacht an cheoil, anailís, ullmhúchán ginearálta, úsáid SCT mar uirlis teagaisc agus níos mó ná sin ann, atá mar chuidiú chun múinteoirí a dhéanamh réidh don teagasc. Tá Cúrsa Ullmhúcháin lae ar fáil chun ábhar múinteoirí a threorú fosta.

### Seimineár na Moltóirí

Cúrsa deireadh seachtaine a bhaineann le huirlisí éagsúla, comórtais aonair agus grúpaí, rialacha na gcomórtas, cásanna éagsúla a thagann chun cinn, ról an mholtóra agus go leor eile.

### Scoileanna/Féilte Samhraidh

Tá a lán ceardlann agus máistir-ranganna á n-eagrú ar fud an domhain mar pháirt d'fhéilte ceoil agus campaí samhraidh ag craobhacha, Boird Contaetha agus Comhairlí na gCúigí.

### Traidisiún na Cluaise

Cuireann an Comhaltas deiseanna foghlama ar feadh an tsaoil ar fáil agus traidisiúin chultúrtha na hÉireann á seachadadh inár n-imeachtaí agus gníomhaíochtaí.

### Dúshlán Romhainn:

*Leanfaidh an Comhaltas ar aghaidh leis an obair chun cláir oideachais chultúrtha na heagraíochta a sholáthar agus a leathnú.*

**Daoine óga ar gach aois a spreagadh le barr a gcumais a bhaint amach mar thoradh ar iad a bheith ag plé le cultúr na hÉireann. Daoine a chur ar a gcumas scileanna nó cáilíochtaí a bhaint amach lena saol féin agus a bpobal a fheabhsú.**

2023


Ceolfhoireann Tíre Náisiúnta na hÉireann

Pictiúr: Gary McGivney

## Ceann scríbe...

### Solúbthacht Ranganna

Liosta acmhainní a chur ar fáil a bheidh ar fáil do gach craobh mar áiseanna teagaisc i ngach rang. Seisiúin teagaisc ar líne a fhorbairt. Liosta a chur le chéile de ghníomhaíochtaí craobhacha le tuilleadh forbartha trí mheán an oideachais a spreagadh.

### 'Trad is Fab' ar líne

3 chlár nua idirghníomhacha ar líne a fhorbairt don oideachas réamhscoile, bunscoile agus meánscoile. Déanfar an curaclam ceoil a chlúdach ar gach leibhéal iontu agus tá gach clár acu nasctha lena chéile chun forbairt leanúnach ceoil a chur ar fáil fad a mhairfidh oideachas foirmiúil na ndaltaí. Cláir chreidiúnaithe FGL*.

*FGL - Forbairt Ghairmiúil Leanúnach

### Dearbhú DCCÉ*

Déanfaidh an Comhaltas dhá cháilíocht ar leibhéal 5 i seinm agus in oideachas an cheoil a fhorbairt chun níos mó a chur ar fáil ó thaobh oideachais deo. Déanfar taighde agus forbairt leanúnach ar cháilíochtaí leibhéal 6 agus 7 amach anseo.

*DCCÉ - Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann

### SCT agus MTB

I gcomhar leis an MTB*, gheobhaidh an Comhaltas creidiúnú dá scrúduithe grádaithe, an SCT, sa Ríocht Aontaithe. Tabharfar an siollabas chun dáta, déanfar acmhainní ar líne a fhorbairt do chách, beidh córas nua bainistíochta ann agus beidh modúl ar líne ann mar áis teagaisc. Tá ardteastas le bheith mar pháirt de chúrsa nua iar-ardteistiméireachta creidiúnaithe ar Leibhéal 5 DCCÉ i Seinm an Cheoil.

*MTB - Music Teachers' Board [Bord Múinteoirí Ceoil]

### Oiliúint chun Dáta

Creidiúnú le haghaidh forbairt ghairmiúil leantach, forbairt ar chreidiúnú reatha BOO*, gach siollabas chun dáta, acmhainní ar líne, liosta múinteoirí oifigiúla agus modúil ar éagsúlacht, comhionannas agus ionchuimsiú. Beidh an Cúrsa Ullmhúcháin agus an TTCT mar pháirt de chúrsa nua in Oideachas an Cheoil ar Leibhéal 5 de chreat DCCÉ (Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann).

*BOO - Bord Oideachais agus Oiliúna

### Teastas le haghaidh Moltóirí

Teastas Tinrimh le forbairt do gach moltóir gach trí bliana. Acmhainní ar líne agus lámhleabhar an mholtóra a fhorbairt. Cúrsa ar líne a chruthú i gcomhair iarrthóirí thar lear. Déanfar na seimineáir seo a chomhtháthú mar pháirt den chúrsa iar-Ardteistiméireachta i dTaibhiú agus in Oideachas an Cheoil.

### Clár Scoileanna/Féilte Samhraidh

Liosta bliantúil a chur ar fáil do gach craobh ar fud an domhain ar a dtabharfar ceardlanna, máistir-ranganna, féilte agus campaí samhraidh. Lámhleabhar a fhorbairt maidir le Campa Samhraidh a reáchtáil. Liosta léachtaí agus léachtóirí a bhféadfaí iad a úsáid ar na himeachtaí seo.

### Scoil Éigse

Múnla Scoil Éigse a fhás chun deiseanna foghlama a chur ar fáil i bhFleadhanna cúige agus contae.

### Ceangal á Spreagadh

Deiseanna foirmiúla agus neamhfhoirmiúla oideachais an Chomhaltais a dhéanamh níos feiceálaí chun níos mó daoine ar gach aois a spreagadh dul i mbun plé leis an gComhaltas agus cur lena scileanna lena saol féin agus saol daoine ina bpobal a fheabhsú.

2030

Oideachas

# An Óige

Déanann an Comhaltas a chinntiú go n-éistear go cothrom le guth na mball óg ar gach leibhéal den eagraíocht. Déantar iarracht tacú leis an óige agus iad a fhorbairt san oideachas, oiliúint, aitheantas agus sna deiseanna deonacha a chuirtear ar fáil.

## Mar a sheasann cúrsaí...

### Ionadaíocht don Óige

Faoi láthair, tá ról tofa ag an gComhaltas don Oifigeach Óige sa Chraobh, ar Bhord an Chontae agus ar Chomhairle na Cúige. Tá beirt Chomhaltaí Óga tofa chun bheith mar chuid den Ardchomhairle. Na Comhaltaí Óga seo, caithfidh siad a bhí faoi bhun 25 bliana d'aois, agus déanann siad a chinntiú go bhfuil guth na hóige le cloisteáil ar gach leibhéal.

### Oifigeach Óige

Déanann Oifigeach Óige an Chomhaltais cúpla tasc eile, eagrú imeachtaí don óige ar cheann acu. Déantar réimse scileanna a fhorbairt leis an modh seo, scileanna ceannaireachta don oifigeach ina measc, fad a bheidh an duine sa ról.

### Ré nua na nÓg

Lámhleabhar atá ann don óige leis an oifigeach don óige a spreagadh agus a ghríosú. Cuireadh sraith de sheimineáir oiliúna ar fáil taobh le seoladh an doiciméid seo.

### Oiliúint don Óige

Cuireann an Comhaltas réimse leathan deiseanna oideachais agus foghlama ar fáil do dhaoine óga atá ag plé leis an eagraíocht. Ina measc siúd tá ranganna na gcraobhacha, seisiúin don óige, scoileanna samhraidh, oiliúint agus meantóireacht i róil ar choistí, páirt le glacadh, mar aon le hoiliúint struchtúrtha sa Scrúdú Ceoil Tíre (SCT) agus Teastas i dTeagasc Ceolta Tíre (TTCT).

### Obair dheonach

Cuireann an Comhaltas na mílte deiseanna deonacha ar fáil ar gach leibhéal den eagraíocht agus inár ngníomhaíochtaí agus imeachtaí. Fágann sé sin gur féidir teagmháil idirghlúine a bheith ann agus tugann deiseanna don fhoghlaim ar feadh an tsaoil i gcomhthéacsanna seachas an t-oideachas foirmiúil.

### Spás an Chomhaltais

Cuireann an Comhaltas timpeallacht ar fáil do dhaoine óga atá sábháilte agus cosantach le gur féidir leo am a chaitheamh le daoine atá ar comhaois leo agus leis an bpobal áitiúil.

### Gradam na nÓg

Tá Gradam na nÓg againn mar Chomhaltas chun aitheantas ceart a thabhairt d'obair agus d'iarrachtaí na hÓige. Mar thoradh ar an ngradam seo tá méadú tagtha ar inspreagadh agus rannpháirtíocht na hóige.

### Seinm

Cuireann an Comhaltas na mílte de dheiseanna seanma ar fáil do dhaoine óga ar fud a líonra agus in ócáidí ceiliúrtha pobail a fhaigheann an Comhaltas le siamsaíocht a chur ar fáil in imeachtaí agus gníomhaíochtaí.

### Dúshlán Romhainn:

*Leanfaidh an Comhaltas ar aghaidh leis an obair chun cláir oideachais chultúrtha na heagraíochta a sholáthar agus a leathnú.*

**Tabharfaidh an Comhaltas tacaíocht agus moladh don óige chun an cultúr seo againne a fhorbairt. Tógfar ar chumas agus ar mhuinín daoine óga le go mbeidh siad ábalta éachtaí a bhaint amach agus le deiseanna úra a oscailt os a gcomhair.**

2023

## Cairde an Chomhaltais



**Donagh McElligott - Déidlia**

*Ciarraí: Feadóg stáin, fidil agus pianó*

**Tá ról lárnach ag an gComhaltas i mo shaol ó bhí mé 10 mbliana d'aois. Cuireadh tús le m'aistear ceoil sa Cheolann i Leic Snámha, Contae Chiarraí, áit a mbínn ag freastal ar ranganna ceoil ar feadh na mblianta, agus ghlacas páirt i bhfleadhanna ceoil éagsúla leis an gcraobh. Agus mé sa Chomhaltas, bhí deiseanna agam dul ag taisteal ar fud na tíre agus fiú thar sáile chun freastal ar sheisiúin agus ar fhéilte agus cairde saoil déanta agam. Táim ag múineadh ranganna ceoil, grúpaí ceoil agus bannaí céilí sa chraobh ó bhí 2016 ann. Tar éis dom a bheith ag múineadh agus ag glacadh páirt i gcomórtas grúpaí ceoil i gcaitheamh na mblianta, tá an-ghrá forbartha agam chun ceol a chruthú, a chóiriú agus a chumadh. D'éirigh liom comórtas na bhfonn nua-chumtha a bhuachan i bhFleadh Cheoil na hÉireann in 2014 leis.**

## Ceann scríbe...

### Earcaíocht Óige

Osclóidh an Comhaltas conairí agus deiseanna úra do dhaoine óga agus bainfear leas as líonra na gcraobhacha áitiúil le ceannairí a aimsiú agus a fhorbairt don am atá le teacht. Beidh clár ceannaireachta óige ann chomh maith le cláir urraithe mheantóireachta, oiliúna agus chóitseála le hoibrithe deonacha áitiúla. Rogha dóibh siúd atá páirteach ar an ngradam Gaisce chomh maith.

### Fóram don Óige

Fóram don Óige a bhunadh ar leibhéal réigiúnach agus náisiúnta. Tabharfaidh an fóram seo deis eile dúinn guth na hóige a chloisteáil san eagraíocht. Cuirfidh an fóram moltaí chun tosaigh maidir le daoine óga a earcú/a choinneáil, oiliúint i measc daoine ar comhaois, clár meantóireachta chun cuidiú le hoifigigh óige forbairt a dhéanamh ar a ról agus, san am céanna, daoine a chur ar an eolas faoin ról agus faoi thábhacht an róil.

### Clár Malairte an Chomhaltais

Clár malairte an Chomhaltais a fhorbairt agus a athbheochan a thuilleadh le go mbeidh craobhacha agus boird réigiúnacha in ann cláir a eagrú a rachaidh i mbun plé le daoine óga ó chúlraí éagsúla ar fud na heagraíochta. Déanfar cumarsáid/teagmháil a spreagadh idir craobhacha agus oifigigh óige dá bharr.

### Imeachtaí Dírithe ar an Óige

Déanfaidh an Comhaltas sraithe d'imeachtaí agus tionscadail dírithe go sonrach ar an óige a fhorbairt agus acmhainní a chur ar fáil dóibh ar leibhéal contaetha, réigiúnach agus náisiúnta, iad á ndearnadh, á bpleanáil agus á gcur i láthair ag an óige. Sna himeachtaí seo, ba cheart tús áite do na prionsabail a bhaineann le Cothromaíocht agus timpeallacht shábháilte fháilteach a chur ar fáil do chách.

### Ionduchtú Bliantúil

Cuirfidh an Comhaltas féilire bliantúil ar bun chun ionduchtú agus oiliúint a thabhairt d'oifigigh óige, bunaithe ar an gcáipéis 'Ré Nua na nÓg'. Tabharfaidh an próiseas seo léargas ar an ról d'oifigigh nua agus cuirfear oifigigh reatha ar an eolas faoi raon an róil agus na deiseanna atá ann sa Chomhaltas. Dá thoradh sin, beidh ról níos mó ag an óige ann, beifear in ann foghlaim/meantóireacht idir daoine ar comhaois a chur chun cinn agus beidh spás ann don fhás pearsanta agus gairmiúil.

### Cúlra na nÓg

Clár a fhorbairt bunaithe ar an tionscadal Cúlra na nÓg a cheap Comhaltas sa Bhreatain chun díriú ar dhaoine óga as na traidisiúin úra agus cúlraí sóisialta atá mar chuid d'Éirinn ár linne agus an méid sin ar bhealach a thiocfaidh leis an bhfís a thugtar in 'Cultúr 2025', is é sin an ceart atá ag cách páirt a ghlacadh i saol cultúrtha agus cruthaitheach an náisiúin.

### Gradam na nÓg a chur chun cinn

Cuirfidh an Comhaltas le feiceálacht agus insroichteacht na ngradam aitheantais atá ag an eagraíocht i gcomhair oibrithe deonach óga, Gradam na nÓg, lena dheimhniú go mbeidh oibrithe deonacha óga ar fud na heagraíochta in ann a dtionchar féin a aithint agus spriocanna ginearálta an Chomhaltais á mbaint amach.

### Pobail na gColáistí

Tuilleadh forbartha a dhéanamh le hinstitiúidí ardoideachais ar fud na hÉireann agus le hinstitiúidí thar lear a bhfuil an Léann Éireannach agus/nó Ceilteach ar fáil iontu chun cur leis na conairí a bhíonn ar fáil ag daoine óga agus iad ar an aistear in oideachas an cheoil a chuirfeadh grúpa a d'aithneoidís ar fáil do bhaill den Chomhaltas agus díograiseoirí cultúir agus iad ag aistriú chun an oideachais tríú leibhéal.

### Comórtas Domhanda

Déanfaidh an Comhaltas próiseas cáilithe foirmiúil a cheapadh chun freastal ar iomaitheoirí óga a bhfuil cónaí orthu taobh amuigh de na cúigí atá ann faoi láthair lena chinntiú go mbeidh daoine óga i ngach áit atá páirteach i gceol traidisiúnta na hÉireann dul tríd go Fleadh Cheoil na hÉireann.

2030

Oideachas

# Éagsúlacht, Comhionannas agus Ionchuimsitheacht

I gcláir agus imeachtaí an Chomhaltais tá an eagraíocht ag déanamh teagmháil le daoine agus ag spreagadh réimse nua éagsúil daoine plé leis an gComhaltas agus triail a bhaint as na hacmhainní cultúrtha atá againn.

## Mar a sheasann cúrsaí...

### Fáilte roimh Chách

Eagraíocht neamhpholaitiúil neamh-shainchreidmheach atá sa Chomhaltas. Mealltar déimeagrafach leathan ball chun na heagraíochta a fheidhmíonn mar shlí chun cuidiú le daoine de bhunadh an oileáin seo nó áiteanna eile imeascadh ina bpobal áitiúil.

### Cothromaíocht

Mar thoradh ar an tionscnamh dar teideal Cothromaíocht atá sa Chomhaltas, déantar a chinntiú go gcuirtear an Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú mar phrionsabail san áireamh i ngach gné den eagraíocht.

### Seimineáir Feasachta

Tá sraith de sheimineáir oiliúna ar líne agus de bheartais forbartha ag an gComhaltas chun daoine a chur ar an eolas ar fud líonra na n-oibrithe deonacha maidir le Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú agus chun baill a chur ar an eolas maidir le spás níos sábháilte le gur féidir le daoine sult a bhaint as na healaíona agus iad ag obair leo. Páirteach sa chlár 'Safe to Create' atá á chur chun cinn ag an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán.

### Comhar Trasphobail

Bíonn deis againn in imeachtaí de chuid an Chomhaltais plé le daoine nach mbeimis ag plé leo de ghnáth mar rannpháirtithe ós rud é go mbíonn nasc againn le grúpaí agus eagraíochtaí pobail eile. Éiríonn linn spásanna a fhorbairt inar féidir ár dtraidisiúin chultúrtha a fhiosrú agus a cheiliúradh agus cóimheas a léiriú orthu.

### Comhtháthú Pobail

In imeachtaí agus gníomhaíochtaí an Chomhaltais, déantar forbairt ar chaipiteal sóisialta agus comhtháthú pobail taobh le bród an phobail sna háiteanna a mbíonn na himeachtaí, agus cuirtear leis an ionchuimsiú, éagsúlacht agus comhionannas dá bharr.

### Cur Chuige an Phobail Uile

Imeachtaí "don phobal uile" iad Fleadhanna an Chomhaltais. Bíonn obair for-rochtana ann chun fáilte roimh dhaoine ó gach cúlra agus rompu siúd nach bhfuil i bhfead ar an oileán. Tá dea-chlú ar an gComhaltas i bpobail áitiúla, sa Rialtas, i ngníomhaireachtaí poiblí in Éirinn agus i gcomhthéacsanna eile.

### Tionchar Náisiúnta

Tá an Comhaltas le fáil go forleathan sa phobal ar fud oileán na hÉireann. Tá ionaid acmhainní agus craobhacha againn ar fud Thuaisceart Éireann agus sna contaetha cois teorann agus bíonn imeachtaí tábhachtacha sa réigiún bliain i ndiaidh bliana.

### C.E.O.L.

I dtionscadal C.E.O.L. an Chomhaltais, sin tionscadal pobail, rannpháirtíochta, for-rochtana agus teagmhála na heagraíochta, táthar tar éis na scórtha de cheoltóirí óga ó chúlraí PUL (Protastúnach, Aontachtach agus Dílseach) agus ó chúlraí CNR (Caitliceach, Náisiúnach agus Poblachtach) a thabhairt le chéile leis an gceangal soiléir follasach idir cultúr agus ceol na hÉireann agus na hAlban a léiriú agus a thaispeáint dóibh.

### Dúshlán Romhainn:

*Beidh an Comhaltas ag leanúint ar aghaidh chun réimse tionscnamh agus clár a chur le chéile ar fud na heagraíochta.*

**Fágfaidh sé sin go mbeidh gach duine ag mothú sábháilte agus ar a gcompord.Cuirfear fáilte roimh chách triail a bhaint as imeachtaí agus gníomhaíochtaí de chuid an Chomhaltais agus páirt a ghlacadh iontu lena chinntiú go mbeidh deis ag an uile dhuine taithí a fháil ar na hacmhainní cultúrtha atá againn.**

2023

## Cairde an Chomhaltais



**Fiona Gaffney - Dearthóir Cístí**
*Baile Átha Cliath: Fidil, Vióla, Cláirseach*

**Thosaigh mé ar cheol traidisiúnta na hÉireann a fhoghlaim i mo chraobh áitiúil i mBaile Átha Cliath agus mé seacht mbliana d'aois. Tá mé ar dhuine de na múinteoirí fidle i mo chraobh féin 18 mbliana ar aghaidh agus cuireann sé lúcháir mhór orm seachtain i ndiaidh seachtaine an ghlúin óg ceoltóirí a theagasc. Tá an Comhaltas i ndiaidh seans a thabhairt dom forbairt a dhéanamh ar mo chuid ceoil i ranganna, comórtais, seisiúin gach seachtain, sna Fleadhanna agus le Ceolfhoireann Tíre Náisiúnta na hÉireann a bhfuil an-bhród orm as bheith i mo bhall di. Tá cairde saoil déanta agam sa bhaile agus thall i Londain, áit a bhfuair mé cuireadh chun bheith i mBanna Céilí an Pharóiste a chuaigh ar aghaidh le Fleadh Cheoil na Breataine a bhuachan.**

## Ceann scríbe...

### Oileán Comhroinnte

Ó tharla naisc sheanbhunaithe ag an gComhaltas agus dea-chlú air i ngach gné den saol polaitíochta agus cultúrtha, beidh tionchar suntasach ag an eagraíocht chun sochaí chomhroinnte agus oileán comhroinnte a bhaint amach i gClár an Rialtais, thuaidh agus theas.

### Comhpháirtíocht Iontaofa

Cuirfidh Comhaltas naisc straitéiseacha eile agus caidreamh comhoibríoch ar bun ar fud an Rialtais, le gníomhaireachtaí reachtúla agus eagraíochtaí cultúrtha eile. Mar sin, beidh Comhaltas mar urlabhraí thar ceann na hearnála agus mar chomhpháirtí iontaofa chun na cláir sa dá dhlínse maidir le sochaí le chéile agus oileán comhroinnte a bhaint amach.

### Teagmháil leis an bPobal

Cuirfear acmhainn foirne ar bun chomh maith ról cuí mar 'oifigeach teagmhála pobail' mar chuid den choiste deonach a bhíonn ag craobhacha faoi láthair, agus cuirfear leis an mbeartas for-rochtana le go gcuimseofar na Fleadhanna cúige agus contae ar fad ann. Dá thoradh sin, beidh tionchar níos fearr ag Comhaltas le pobail úra a imeascadh mar aon leis an gcaidreamh Thuaidh/Theas a fheabhsú le go mbeidh saol níos ionchuimsithí againn amach anseo.

### Éascaíocht Rochtana

Déanfar gach láithreán gréasáin a bhaineann le Fleadhanna Ceoil agus imeachtaí an Chomhaltais a dhearadh agus a nuashonrú go rialta le go mbeidh an líon is airde cuairteoirí againn ar na himeachtaí, cuairteoirí nach mbaineann le Comhaltas go speisialta, mar sin beidh an Comhaltas in ann aistear gan stró chun na fleidhe nó chun an imeachta a chruthú a spreagfaidh daoine nua le cultúr an oileáin a fhiosrú.

### Feabhas ar Oiliúint

Déanfaidh an Comhaltas oiliúint speisialaithe ar líne a fhorbairt agus a sholáthar chun freastal ar dhreamanna faoi leith, is iad sin múinteoirí, scrúdaitheoirí, oibrithe deonacha agus baill foirne. Beidh an oiliúint sin ann taobh leis na modúil oiliúna atá curtha ar fáil ag an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán chomh maith le "Cód Iompar" atá ann d'earnáil na n-ealaíon agus d'earnáil na cruthaitheachta agus a bhfuil an Comhaltas tar éis glacadh leis.

### Cur le Cothromaíocht

Cuirfear níos mó leis an tionscnamh Cothromaíocht agus cuirfear oiliúint bhreise ar fáil d'oibrithe deonacha agus baill foirne agus, mar sin, déanfaidh an Comhaltas a chinntiú go gcuirfear na prionsabail den Chomhionannais, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú sa mheá ar gach leibhéal agus i ngach gné den eagraíocht.

### Plean Rannpháirtíochta Pobail

Cuirfear Plean Rannpháirtíochta Pobail le chéile agus cuirfear ról mar Oifigeach um Éagsúlacht ar bun le hoiliúint a chur ar oibrithe deonacha. Mar sin, déanfaidh an Comhaltas a chinntiú gur imeachtaí agus gníomhaíochtaí ionchuimsitheacha fáilteacha a bheidh ann agus teacht ag các orthu. Pobail agus daoine a spreagadh chun dul i mbun plé le CCÉ agus triail a bhaint as acmhainní cultúrtha na hÉireann.

### Fleadhanna Ceoil na hÉireann

Spreagfar craobhacha i dTuaisceart Éireann go gníomhach le hiarratais a dhéanamh chun Fleadh Uladh agus Fleadh Cheoil na hÉireann a reáchtáil. Cuirfear le tionchar an Chomhaltais d'fhonn na cláir oibre um an tsochaí chomhroinnte/oileán comhroinnte a chur i bhfeidhm mar atá le fáil i gclár an dá rialtas, Thuaidh agus Theas.

### Fáilte

Tá clú ar Éirinn ar fud na cruinne as "Céad Míle Fáilte" na tíre. Déanfaidh an Comhaltas a chinntiú go gcuirfear fáilte roimh gach aon duine sa tsochaí agus iad ag freastal ar imeachtaí, gníomhaíochtaí agus spásanna de chuid an Chomhaltais.

2030

Cumarsáid

# Diaspóra

Tugann an Comhaltas ceangal inbhraite le hÉirinn do chuid mhór daoine atá thar lear. Tá an eagraíocht ag déanamh compánach dil den diaspóra in iarrachtaí chun cumas cultúrtha na hÉireann a mhéadú ar fud na cruinne agus an ghluaiseacht ag gníomhú mar ambasadóir thar ceann na tíre ar stáitse domhanda.

## Mar a sheasann cúrsaí...

### Tionchar Domhanda

Tá fás tagtha ar an gComhaltas agus tá craobhacha den eagraíocht le fáil in 21 tír ar fud an domhain anois. Tá Oifigeach don Diaspóra ceaptha, rud a dhearbhaíonn arís an tábhacht a bhaineann le ceangal a chothú idir craobhacha, baill agus pobail thar lear agus iad in Éirinn agus an tairbhe atá le baint as ról suntasach a thabhairt don diaspóra.

### Tá Fleadh Cheoil na hÉireann

ar cheann de na himeachtaí cultúrtha is mó atá ar domhan, ní hamháin in Éirinn. As tíortha eile a thagann 25% acu siúd a fhreastalaíonn ar an imeacht. Imeachtaí seanbhunaithe i sceideal Fhleadh Cheoil na hÉireann iad fáiltiú agus ceolchoirm dóibh siúd atá thar lear, ócáidí ina ndéantar ceiliúradh ar scileanna agus éagsúlacht ár gceoltóirí atá thar lear.

### Tá Fleadhanna agus Féilte

forbartha sa tSeapáin, sa Bhrasaíl, san Airgintín agus san Astráil, a fhágann go bhfuil méadú tagtha ar an líon iomaitheoirí as áiteanna thar lear a ghlacann páirt i bhFleadh Cheoil na hÉireann.

### Láithreacht i gCló agus go Digiteach

Tá craobhacha agus aonaid den Chomhaltas i ndiaidh leas a bhaint as na meáin shóisialta agus as an teicneolaíocht dhigiteach mar mhodh chun teagmháil a dhéanamh le baill, idir aonaid, agus mar mheán chun ceangal níos fearr a chothú le hÉirinn.

### Camchuairteanna an Chomhaltais

I measc na gcamchuairteanna iontacha atá déanta ag an gComhaltas go dtí seo tá camchuairteanna go SAM, chun na hAstráile agus chun an Chianoirthir. Mar thoradh ar na camchuairteanna ceolchoirmeacha tá éirithe linn nasc a choinneáil leis an bpobal Éireannach. Tá camchuairteanna de chuid an Chomhaltais ann taobh le hiarratais ó imeachtaí idirnáisiúnta agus seirbhís taidhleoireachta na hÉireann grúpaí a chur chucu chun an cultúr a chur i láthair agus chun bheith mar ionadaithe thar ceann náisiún na hÉireann.

### Nascadh Craobhacha

Tá an nascadh craobhacha á chur chun cinn ó bunaíodh an Comhaltas Gné lárnach in éiteas an Chomhaltais atá ann go dtiocfadh ceoltóirí le chéile arb as áiteanna éagsúla dóibh le heolas, tiúineanna agus stíleanna agus araile a phlé agus a chur i láthair a chéile. Tá craobhacha áirithe ann thar lear de thairbhe go bhfuil ceangal pearsanta díreach ann le duine faoi leith, le grúpa nó le háit in Éirinn.

### An Ceangal le hÉirinn

Tá dearcadh éagsúil le fáil ar luach an Chomhaltais i measc an diaspóra ná mar atá sa bhaile in Éirinn, agus tá na craobhacha thall mar bhunchloch chun gur féidir le daoine plé a dhéanamh le ‘Gaelachas’ diomaite den cheol.

### Tacaíocht don Phobal

Tá an Comhaltas in ann, i gcomhar leis an diaspóra, leas a bhaint as an oidhreacht dhobhraite chultúrtha atá againn chun nasc agus tacaíocht inbhraite a chur ar fáil idir an pobal in Éirinn agus an pobal thar lear, nasc a chuimsíonn líonra sóisialta, sláinte agus tacaíochta.

### Dúshlán Romhainn:

*Agus an Comhaltas ag obair ar gach gníomhaíocht agus tionscnamh, an túsphointe a bheidh ann ná féachaint cé mar a d’oibreodh sé in Éirinn agus thar lear.*

**Déanfar dearcadh domhanda Gaelach a fhorbairt agus bainfear leas as pobal domhanda an diaspóra lena chinntiú go mbeidh gné ilchultúrtha ag baint leis an obair le cultúr na hÉireann a fhorbairt.**

2023



Comhaltas na Seapáine

## Ceann scríbe...

### Caidreamh le hAmbasáidí

Déanfaidh an Comhaltas na naisc atá ag an eagraíocht le hAmbasáidí agus Consalachtaí na hÉireann ar fud an domhain a fhorbairt agus a láidriú ionas go mbeidh teacht go héasca ag ionadaíochtaí taidhleoireachta na tíre ar líonra mór ceoltóirí traidisiúnta Gaelacha le seinm le linn ócáidí agus imeachtaí.

### Struchtúir na gComórtas

Déanfaidh an Comhaltas nós imeachta foirmiúil a dhearadh le go mbeidh iomaitheoirí atá ag cur fúthu in áiteanna seachas struchtúr na 6 chúige ábalta dul tríd go Fleadh Cheoil na hÉireann agus comórtais na fleidhe ionas go mbeidh rochtana agus comhchaighdeán cáilíochta ann. Déanfar ceiliúradh ar an diaspóra mar chuid den imeacht seo as bheith i láthair ann agus as an méid a dhéanann siad don cheol agus don chultúr Gaelach.

### Imeachtaí Suaitheanta Nua

Táthar tar éis Fleadhanna agus Féilte thar lear a fhorbairt agus a neartú mar ócáidí suaitheanta ceiliúrtha ar an gcultúr Gaelach ar fud na cruinne. Déanfaidh an Comhaltas tuiscint a fhorbairt ar na dóigheanna ar féidir imeachtaí i dtíortha seachas Éire a chraobhscaoileadh go hidirnáisiúnta chun nasc díreach a chothú le clár na bhFleadhanna in Éirinn.

### An Bonneagar Digiteach

Déanfaidh an Comhaltas ár mbonneagar digiteach a láidriú, go háirithe cúrsaí cumarsáide. Cuirfidh sé seo leis an tslí a bpléifidh ár gcraobhacha ar fud an domhain i mbun plé le comórtais, feachtais, tionscnaimh,acmhainní agus imeachtaí. Déanfaidh an Comhaltas straitéis a fhorbairt don rannpháirtíocht dhigiteach fosta chun teagmháil a dhéanamh leis na baill ar fud an domhain.

### Líonraí Chamchuairteanna an Chomhaltais

Déanfaidh an Comhaltas taighde le fáil amach an bhféadfaí líonra chamchuairteanna an Chomhaltais a fhorbairt chun cur le camchuairteanna bliantúla na Breataine agus Mheiriceá Thuaidh agus chun gach leas agus tairbhe a bhaint as na buntáistí a bhaineann le ceoltóirí, amhránaithe agus damhsóirí ag taisteal ó Éirinn agus cuairt a thabhairt ar an diaspóra.

### Spriocanna an Nasctha

Déanfar acmhainní agus tacaíocht a fhorbairt chun an nascadh idir craobhacha den Chomhaltas in Éirinn agus craobhacha thar lear a spreagadh go mór.

### Pobail Éireannacha

Déanfaidh an Comhaltas a ról a mheas ar bhonn leanúnach i dtaobh tacaíocht a thabhairt do phobail áitiúla, náisiúnta agus sa diaspóra diomaite den cheol Gaelach agus i dtaobh a bheith mar cheannaire chun pobail láidre, nasctha, inbhuanaithe, Éireannacha a fhorbairt ar fud na cruinne.

### Comhar Onnghníomhach

Leanfaidh an Comhaltas ar aghaidh leis an obair agus comhar le heagraíochtaí eile mar CLG, an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus araile lena ról a ghlacadh chun tacú le Diaspóra na hÉireann ar bhealach iomlánaíoch.

### Acmhainní Domhanda

Cuirfidh an Comhaltas níos mó lena líonra i dtíortha seachas Éire le daoine ar leith agus le pobail ar mian leo plé le cultúr le hÉireann. Leis sin a dhéanamh, déanfar acmhainní a chruthú chun tacú leo craobhacha úra a bhunú thar lear.

2030

Cumarsáid

# Turasóireacht

Tá ról suntasach ag an gComhaltas ó thaobh turasóireacht réigiúnach agus idirnáisiúnta de. Tá imeachtaí agus féilte de chuid an Chomhaltais ar leibhéal pobail, réigiúnach agus náisiúnta i gcroílár earnáil na turasóireachta cultúrtha in Éirinn.

## Mar a sheasann cúrsaí...

### Tionchar Eacnamaíocht

Is é an Comhaltas a reáchtálann an Fhéile Chultúrtha is mó in Éirinn, Fleadh Cheoil na hÉireann. Bíonn an t-imeacht ar siúl in áit nua gach dara bliain. Mealltar os cionn 500,000 cuairteoir le freastal air agus thart ar 25% acu ó thíortha thar lear. Gintear brabús thart ar €60 milliún don cheantar óstach.

### Imeachtaí Réigiúnacha

Reáchtálann an Comhaltas clár de 44 Fleadh Cheoil gach bliain. Reáchtáiltear iad idir Aibreán agus Lúnasa in áiteanna éagsúla. Cuireann na himeachtaí seo le cumas an phobail agus le híomhá na n-áiteanna réigiúnacha.

### Seisiún an tSamhraidh

Cuireann an Comhaltas Seisiún an tSamhraidh i láthair (Meitheamh go Lúnasa). 450 seó ar 45 láthair blaiseadh ceart den chultúr agus meascán de ghnéithe foirmiúla agus neamhfhoirmiúla ann.

### Fócas na bhFéilte

Ócáidí iad féilte agus imeachtaí an Chomhaltais atá rannpháirteach agus tumthach agus bíonn fáilte roimh chách chucu, idir óg agus aosta. Bíonn deis ag daoine an Ghaeilge a úsáid mar theanga bheo ar na himeachtaí foirmiúla agus neamhfhoirmiúla seo.

### Dea-thionchar

Bíonn leibhéal suntasach dea-chlúdach sna meáin don tír agus do réigiún an imeachta agus imeachtaí de chuid an Chomhaltais ar siúl, go náisiúnta agus idirnáisiúnta.

### Cothú Comhair

Tá comhar agus comhpháirtíocht éifeachtach cothaithe ag aonaid agus ionaid de chuid an Chomhaltais a théann i bhfad siar, comhar le daoine, le heagraíochtaí pobail agus le líonraí atá fíorthábhachtach dúinn tionchar agus éifeacht imeachtaí agus féilte a fhorbairt.

### Naisc don Fhadtéarma

Tá cuairteoirí ann a thagann ar ais arís agus arís eile chuig Fleadh Cheoil na hÉireann, Fleadh Nua agus Féilte bliantúla eile de chuid an Chomhaltais agus naisc forbartha leis an bpobal agus leis na háiteanna féin.

### Spreagadh Domhanda

Tá struchtúr forbartha ag an gComhaltas chomh maith le réimse de líonra curtha ar bun sa Bhreatain, i Meiriceá Thuaidh, sa tSeapáin, san Astráil agus struchtúr/líonra á fhorbairt/á chur ar bun i Meiriceá Theas agus san Eoraip a spreagann daoine chun freastal ar imeachtaí de chuid na heagraíochta.

### Dúshlán Romhainn:

*Tarraingítear lear mór cuairteoirí as tíortha eile chun na tíre le freastal ar imeachtaí de chuid an Chomhaltais.*

**Má dhéantar infheistíocht dírithe ar eagraíocht a fhás i gcéin agus i gcóngar, spreagthóir tábhachtach a bheidh san eagraíocht chun an turasóireacht réigiúnach agus idirnáisiúnta a neartú agus chun fás eacnamaíoch a bhaint amach.**

2023



Picture: David Waters

## Ceann scríbe...

### Foireann Margaíochta

Foireann Margaíochta agus Cumarsáide a fhorbairt ar leibhéal náisiúnta le plean cuimsitheach margaíochta agus cumarsáide a sholáthar faoi choinne imeachtaí ar fud na heagraíochta agus chun tacú le hOifigigh Caidrimh Phoiblí dheonacha agus meantóireacht a dhéanamh orthu, a chuirfidh le tionchar geilleagrach na n-imeachtaí a reáchtálaimid.

### Treoir na bhFéilte

Glacfaidh an Comhaltas páirt go gníomhach i bhfeachtais agus straitéisí margaíochta de chuid Fáilte Éireann, Turasóireacht Éireann agus DiscoverNI chomh maith le treoir inmheánach do na féilte a chruthú a bheidh ag teacht leis na feachtais agus straitéisí sin. Déanfar athbhreithniú rialta ar an treoir seo chun go mbeifear ag teacht le athruithe polasaithe a dhéanfaidh gníomhaireachtaí turasóireachta.

### Imeachtaí Suaitheanta

Déanfaidh an Comhaltas taighde ar na roghanna a thugtar sa chlár 'Clár Nuála Féilte' atá ag Fáilte Éireann agus déanfar iarracht forbairt a dhéanamh ar Fhleadh Cheoil na hÉireann agus ar na Fleadhanna Cúige mar 'imeachtaí suaitheanta' san fhéilire turasóireachta.

### Oiliúint Foirne Imeachtaí

Oiliúint a chur ar fáil do láithreoirí deonacha agus lucht eagraithe imeachtaí an Chomhaltais chun scileanna margaíochta, cumarsáide agus bainistíochta imeachtaí a fhorbairt le go mbeidh lucht freastail níos mó ann ar imeachtaí de chuid an Chomhaltais. Beidh an Ghaeilge mar chuid den chultúr mar chuid de seo.

### Cultúr faoi leith

Fleadh Cheoil na hÉireannchomh maith le cláir na bhfleadhanna cúige agus contae a fhorbairt leis na healaíona áitiúla agus gnéithe nasctha eile a chur san áireamh agus na gníomhaíochtaí a léiriú mar bhlaiseadh údarach de 'Oidhreacht Chultúir Dholáimhsithe' na hÉireann (EOECNA).

### Dílseacht don Bhranda

Forbairt a dhéanamh ar an mbranda 'Fleadh Cheoil an Chomhaltais' mar imeacht rannpháirteach tumthach. Leas a bhaint as 'ó bhéal go béal' agus teistiméireachtaí ar an 'dea-thaithí' le cuairteoirí nua agus cuairteoirí leantacha a fhorbairt.

### Ionad Eolais

Agus suíomhanna gréasáin Fleadhanna de chuid an Chomhaltais á ndearadh, is gá 'cuairt gan stró' a chruthú le go bhfreastalóidh an líon is mó daoine agus is féidir ar imeachtaí an Chomhaltais. Ar na sonraí a bheidh ann beidh sonraí maidir leis an imeacht, taisteal, páirceáil, lóistín, bia agus deoch chomh maith le pacáistí don imeacht.

### Machnamh agus Measúnú

Measúnú a dhéanamh ar Fhleadhanna de chuid an Chomhaltais agus ar imeachtaí eile ar gach leibhéal chun sonraí a chur ar fáil i measúnuithe ar thionchar sóisialta agus geilleagrach. Athbhreithniú ar na deiseanna ar leith a bhaineann leis na 19 gCultúrlann atá ag an gComhaltas ó thaobh na turasóireachta de.

### Tacaíocht Meitheal

Obair a dhéanamh as lámha a chéile le grúpaí eile leasa pobail chun leas a bhaint as tionscnamh Meitheal an Chomhaltais chun tacú níos mó le craobhacha imeachtaí nua agus reatha a fhorbairt ar fud na heagraíochta.

Cumarsáid

# Cumarsáid

Ar leibhéal na heagraíochta, baineann an Comhaltas feidhm as meascán modhanna chun cumarsáid a dhéanamh lenár mbaill, le díograiseoirí agus leis an bpobal i gcoitinne. Úsáidtear na meáin éagsúla seo lenár seirbhísí, tionscnaimh agus buntáistí a chur in iúl don duine féin, don phobal i gcoitinne agus do gach páirtí leasmhar. Bíonn Oifigigh Caidrimh Phoiblí na heagraíochta ag obair gan stad gan staonadh daoine a chur ar an eolas faoin gComhaltas agus faoi na seirbhísí a chuirimid ar fáil.

## Mar a sheasann cúrsaí...

### Treoir

Iris an Chomhaltais is ea Treoir, agus déantar an foilseachán seo a sheachadadh do gach ball agus do pháirtithe leasmhara agus ionadaithe pobail. Bíonn eolas san fhoilseachán seo ar réimse gníomhaíochtaí, imeachtaí, daoine agus tionscnamh ar fud líonra an Chomhaltais.

### Is éard is ComhaltasLive ann

ná taisclann de na mílte uaireanta an chloig d'ábhar físe a taifeadadh ar imeachtaí ar fud líonra an Chomhaltais. Cuireann an tionscnamh seo ardán ar fáil do cheoltóirí, amhránaithe agus damhsóirí ar fud an Chomhaltais agus, ar a bharr sin, tugann deis don phobal pléisiúr a bhaint as an gcuid is fearr den cheol, amhránaíocht agus damhsa, bíodh sin le haghaidh siamsaíochta nó taighde.

### Suíomhanna gréasáin

Tá suíomhanna éagsúla ag an gComhaltas: suíomh na heagraíochta, suíomhanna a bhaineann le fleadhanna, an chartlann, scrúduithe, an Cheolfhoireann Tíre Náisiúnta, srl. Is iad na suíomhanna gréasáin seo atá ar na huirlisí is mó atá againn le 20 bliain le cumarsáid a dhéanamh. Tá eolas go leor orthu maidir leis an eagraíocht agus gníomhaíochtaí na heagraíochta.

### Meáin Shóisialta

Úsáideann an Comhaltas cainéil éagsúla ar na meáin shóisialta chun cumarsáid a dhéanamh go héifeachtach gasta le baill, oibrithe deonacha agus rannpháirtithe ar fud na cruinne. Úsáidtear iad mar áis abhcóideachta fosta chun lucht déanta cinntí agus an pobal a choinneáil ar an eolas faoi obair na heagraíochta.

### Físchomhdháil

Ó tháinig paindéim Covid-19 ar dtús, tá an Comhaltas i ndiaidh leas a bhaint as an bhfíschomhdháil mar áis taobh le cumarsáid agus oiliúint ar an láthair. Cuireann Comhaltas cúpla scéala díreach amach le linn na bliana chuig na craobhacha agus na hoifigigh chun aird a tharraingt ar fheachtais agus tionscnaimh. Déantar é sin sa phost nó ar an ríomhphost.

### Oifigeach Caidrimh Phoiblí

Tá oifigigh dheonacha caidrimh phoiblíag an gComhaltas ar gach leibhéal den eagraíocht. Déanann na hoibrithe deonacha sin réimse leathan de láithreáin ghréasáin agus leathanaigh ar na meáin shóisialta a bhainistiú. Úsáideann siad na meáin thraidisiúnta ina gceantar féin fosta.

### Cúrsaí sna Meáin

Déantar an-chlúdach ar na Fleadhanna faoi láthair. Coiste reáchtáilte na fleidhe a eagraíonn é seo, go hiondúil. Ar leibhéal Fhleadh Cheoil na hÉireann, déantar cuideachta a fhostú don tseachtain a mbíonn an Fhleadh ar siúl chun freastal ar an méadú ar iarratais ón bpreas sa tréimhse sin.

### Feiceálacht ar an teilifís

Faigheann an Comhaltas clúdach suntasach sna meáin i dtaca leis na Fleadhanna agus imeachtaí eile, Fleadh Cheoil na hÉireann go háirithe, craoltaí beo ina measc chomh maith le hábhar réamhthaifeadta ar TG4 agus RTÉ.

### Dúshlán Romhainn:

*Cuirfidh an Comhaltas níos mó daoine ar an eolas maidir leis na tionscnaimh agus seirbhísí atá againn chomh maith leis na buntáistí atá ann dár bpáirtithe leasmhara agus inár líonra féin.*

**Ár n-uirlisí cumarsáide a thabhairt chun dáta agus infheistíocht a dhéanamh i straitéis chumarsáide, in acmhainní daonna agus in oiliúint dár mbaill ar oibrithe deonacha iad.**

2023

## Cairde an Chomhaltais



**Michael Coney - Dlíodóir**
*Tír Eoghain: Feadóg mhór agus feadóg stáin*

**Tá mé féin i mo bhall den Chomhaltas ó bhí mé óg, agus gné thábhachtach de m'oideachas agus forbairt sa cheol atá ann. Is iomaí deis atá faighte agam i saol an cheoil go dtí seo, agus mé ábalta dul isteach i gcomórtais agus páirt a ghlacadh i bhFhleadhanna Ceoil éagsúla. Bhí an t-ádh orm gur ball mé de Bhanna Céilí na hAbhann Móire a bhain Craobh na hÉireann, chomh maith le ceol a theagasc agus imeachtaí a eagrú. Mar gheall ar an Chomhaltas tá mé ábalta an traidisiún a chur ar aghaidh sa cheantar agus don chéad ghlúin eile, chomh maith le deiseanna a bheith agam ceol a sheinm le grúpaí mar atá Ceolfhoireann Tíre Náisiúnta na hÉireann. Tá sé i ndiaidh deiseanna sóisialta ar dóigh a thabhairt dom...**

## Ceann scríbe...

### Straitéis Chumarsáide

Déanfaidh an Comhaltas straitéis chumarsáide a fhorbairt don eagraíocht ar fad. Cuirfear an straitéis sin chuig Oifigigh Caidrimh Phoiblí agus beidh oiliúint ann ar ghnéithe dá ról.

### Suíomh Gréasáin a thabhairt chun dáta

Déanfaidh an Comhaltas suíomh gréasáin na heagraíochta a athbhreithniú agus a nuachóiriú le go mbeidh sé níos éasca a úsáid agus cuíchóirithe chun breathnú air ar ghléasanna de gach cineál. Mar chuid den athbhreithniú seo cuirfear suíomh gréasáin feabhsaithe lárnach ar fáil don Chomhaltas mar aon le tuilleadh tacaíochta agus feidhmiúlachta a chur ar fáil do chraobhacha.

### Straitéis i gcomhair na Meán Sóisialta

Déanfaidh an Comhaltas forbairt ar straitéis i gcomhair na meán sóisialta. Cuirfear treoir ar fáil maidir leis na hardáin ar chóir a roghnú chomh maith le treoirlínte úsáide i gcomhair baill foirne agus oibrithe deonacha.

### Foireann na nOifigeach Caidrimh Phoiblí

Tá acmhainní foirne de dhíth sa Chomhaltas a bheidh dírithe ar straitéis chuimsitheach chumarsáide a cheapadh, a bhainistiú agus a sholáthar don eagraíocht. Mar chuid den obair seo beifear ag plé leis na hoifigigh dheonacha caidrimh phoiblí agus cuirfear oiliúint ar fáil dóibh le go mbeidh siad ar an eolas le 'teachtaireacht' na heagraíochta go ginearálta agus go gcloífidh siad leis an teachtaireacht sin.

### Margaíocht Leictreonach

Amharcfaidh an Comhaltas ar na roghanna a bheadh ann chun cur leis an teagmháil dhíreach leictreonach a dhéantar leis na craobhacha ionas go mbeifí in ann na baill féin a chuimsiú mar aon leo siúd a chláródh don mhargaíocht leictreonach.

### Aip an Chomhaltais

Tá cuid mhór daoine ann a úsáideann seirbhísí ar líne a chaitheann níos mó amaar aipeanna fóin agus, mar sin, fiosróidh an Comhaltas an féidir 'aip' a fhorbairt a d'fhágfadh go bhféadfaí scéalta níos pearsanta a chur chuig lucht a húsáidte. D'fhéadfaimis seinnteoir beo a chur ar an 'aip' le haghaidh ComhaltasLive.

### Cur leis an Oiliúint ar líne

Cuirfidh an Comhaltas leis an oiliúint agus tacaíochtatá ar fáil ar líne agus cuirfear an rogha seo ar fáil nuair is féidir i gcás deiseanna oiliúna amach anseo.

### Tionchar ar na Meáin

Cuirfidh an Comhaltas le tionchar na heagraíochta sna meáin ar gach ardán, an chraoltóireacht go háirithe. Déanfar iarracht cur leis an aitheantas don Chomhaltas agus tuiscint ar an eagraíocht agus daoine nua éagsúla ar fud na cruinne a mhealladh chun bheith páirteach i gcultúr na hÉireann agus triail a bhaint as.

### Aitheantas Branda

Déanfaidh an Comhaltas bainistíocht ar chlúdach na n-imeachtaí agus gníomhaíochtaí ar an teilifís agus raidió lena dheimhniú go dtugtar léiriú seasmhach ar an mbranda i gcónaí. Déanfaidh sé sin tuiscint níos fearr ar bhranda an Chomhaltais a fhorbairt i measc an lucht éisteachta.

2030

# Sracfhéachaint

Tríd is tríd, tá an Comhaltas i ndiaidh a bheith ábalta torthaí a bhaint amach ina chuid gníomhaíochtaí cultúrtha in Éirinn agus thar lear mar gheall ar an mbéim a cuireadh ar na nithe seo:

## An Eagraíocht

**Is iomaí gné a bhaineann le heagraíocht an Chomhaltais, cuir i gcás líonra na gcraobhacha, na daoine féin, an pobal sóisialta, na hionaid acmhainní agus na cartlanna cultúrtha.**

### Craobhacha

Féachfaidh an Comhaltas chun leanúint ar aghaidh agus infheistíocht a dhéanamh i líonra na gcraobhacha, agus an líonra sin a fhorbairt, chun cur leis na seirbhísí a chuirtear ar fáil iontu agus chun cur leis an líon daoine a mbíonn siad ag plé leo. Chun tacú leo, coinneoidh an Comhaltas struchtúir láidre thacaíochta na heagraíochta ar gach leibhéal agus cuirfear leo.

### Daoine

Déanfaidh an Comhaltas infheistíocht go leanúnach i ndúshraith na heagraíochta, sin na baill, oibrithe deonacha agus baill foirne, chomh maith le tacaíocht a thabhairt dóibh. Daoine díograiseacha dícheallacha iad seo a bhfuil meas mór orthu a bhaineann le déimeagrafach leathan, ó thaobh aoise de go speisialta. Bíonn na daoine seo in ann tarraingt ar "an éagsúlacht taithí agus modhanna" atá acu ina róil éagsúla.

### Pobal Sóisialta

Tá tús áite á thabhairt don taobh sóisialta agus pobail den Chomhaltas ó bunaíodh é, mar a bheidh feasta, ós rud é go mbaintear leas as an gcultúr le caidreamh a chothú idir pobail. Tá imeachtaí, gníomhaíochtaí, ranganna, seisiúin sna craobhacha agus cláir oideachais á reáchtáil againn trínar féidir linn béim a leagan ar an ionchuimsiú sóisialta, aonrú a laghdú agus comhtháthú pobail a fhorbairt.

### Ionaid Acmhainní

Beidh an Comhaltas ag iarraidh tuilleadh infheistíochta dá líonra de 19 n-ionad ar fud oileán na hÉireann chun an bonneagar bunúsach agus bonn taca a bhaint amach le clár méadaithe an Chomhaltais de ghníomhaíochtaí cultúrtha a chur ar fáil ar fud oileán na hÉireann ar bhealach cothrom ó thaobh na réigiún de.

### Gníomhaíochtaí Cultúrtha

Sna hacmhainní cultúrtha agus sa chartlann atá á bhforbairt go leanúnach ag an gComhaltas tá áis luachmhar á tairiscint chun scéal cultúrtha agus oidhreachta na hÉireann a aithris agus le cuairteoirí úra a mhealladh go hoileán na hÉireann. Táimid ag tabhairt tús áite don infheistíocht bhreise chun ábhar a dhigitiú agus sa léirmhíniú cartlainne le gach leas a bhaint as cumhacht na hacmhainne seo.

## Gníomhaíochtaí Cultúrtha

**Mar atá luaite sa réamheolaire seo, tá fleadhanna contae, cúige, náisiúnta/idirnáisiúnta agus fleadhanna thar lear ag an diaspóra againn mar chuid de choincheap na bhFleadhanna Ceoil. Tá ról suntasach ag an gComhaltas tuilleadh infheistíochta a chur chun cinn agus a fhorbairt le himeachtaí a fhás, le hábhar cartlainne a dhigitiú. Táthar le tús áite a thabhairt do léirmhíniú na cartlainne. Traidisiúin chultúrtha na hÉireann i mbeartais dhátheangacha na heagraíochta, aitheantas á thabhairt don tábhacht le níos mó den teanga labhartha a úsáid i ngníomhaíochtaí de chuid an Chomhaltais. Déanann an Comhaltas réimse leathan d'imeachtaí pobail, féilte agus scoileanna samhraidh i láthair a chuireann leis an méid atá ar fáil ó thaobh chultúr na hÉireann de in Éirinn agus thar lear.**

### Fleadhanna

Tá sé i gceist ag an gComhaltas tuilleadh forbartha a dhéanamh ar choincheap na bhFleadhanna Ceoil in Éirinn agus thar lear agus, mar sin, cur le tionchar na n-imeachtaí seo. Mar thoradh ar an infheistíocht bhreise seo sna Fleadhanna, cuirfear le scileanna agus muinín na n-oibrithe deonacha, beidh níos mó daoine agus eagraíochtaí ag plé linn, tarraingeofar aird ar na ceantair a mbeidh na fleadhanna iontu agus tiocfaidh níos mó cuairteoirí idirnáisiúnta chuig bailte móra agus sráidbhailte réigiúnacha na hÉireann le blaiseadh a fháil den Chultúr Gaelach a bhfuil clú agus cáil go domhanda air.

### An Ghaeilge

Cuirfear níos mó le tionscnaimh don Ghaeilge agus déanfar forbairt orthu chun deiseanna nua a chur ar bun a imreoidh dea-thionchar follasach inbhraite ar úsáid agus ar fhorbairt na teanga. Cuirfear an bhéim is mó ar bhealaí nua a shonrú agus a mhaoiniú le daoine, na Nua-Éireannaigh ina measc, a spreagadh an Ghaeilge a úsáid in imeachtaí de chuid an Chomhaltais agus ina saol laethúil.

### Féilte agus Imeachtaí

Tá sé deimhnithe i dtaighde gur féidir leis an gComhaltas raon feidhme agus scála na n-imeachtaí agus féilte a chuireann sé ar fáil a leathnú ach tuilleadh infheistíochta a ghiaráil agus gach leas a bhaint as a líonra leathan. Beidh an Comhaltas ag leanúint ar aghaidh leis an obair chun cur le muinín pobal imeachtaí/féilte nua a fhorbairt a dhéanfaidh stíleanna réigiúnacha cultúrtha a chosaint, a spreagfaidh an turasóireacht i ngach séasúr agus trína gcuirfear áiteanna agus spásanna ar bun a mbeidh a gcultúr féin ag baint leo.

## Oideachas

**Ó thaobh an Chomhaltais deo, tá cúpla gné ag baint leis an oideachas, mar seo a leanas:**

- **Cláir Oideachais**
- **Beartas don Óige**
- **Beartais um Éagsúlacht, Comhionannas agus Ionchuimsitheacht**

### Cláir Oideachais

Mar bheart leanúnach tosaíochta, cuirfidh an Comhaltas réimse níos mó deiseanna oideachais, ranganna agus clár ar fáil ina gcuirfear an chuid is fearr den chultúr chun cinn. Is é is aidhm do na gníomhaíochtaí seo níos mó deiseanna a chur ar fáil don fhoghlaim ar feadh an tsaoil agus cur leis le scileanna atá ag lucht foghlama an Chomhaltais agus ag an tsochaí go ginearálta.

Cuirfear béim i gcónaí ar dhaoine óga ar gach aois a spreagadh le barr a gcumais a bhaint amach mar thoradh ar iad a bheith ag plé le cultúr na hÉireann.

### Beartas don Óige

Déanfaidh an Comhaltas a chinntiú i gcónaí go beidh guth na mball óg ar chomhleibhéal le baill níos sin ar gach leibhéal den eagraíocht le forbairt na hóige a chothú agus a fhorbairt mar thoradh ar aitheantas agus deiseanna nuálacha oideachais, oiliúna agus deonacha.

### Éagsúlacht, Comhionannas agus Ionchuimsitheacht

Seo gné ríthábhachtach de bhunchuspóir an Chomhaltais, is é sin réimse daoine éagsúla nua a spreagadh le bheith páirteach sa Chomhaltas agus taitneamh a bhaint as na seoda cultúrtha atá againn. Beidh an Comhaltas ag leanúint ar aghaidh chun réimse tionscnamh agus clár a chur le chéile ar fud na heagraíochta lena dheimhniú go mbeidh gach duine ag mothú sábháilte agus go bhfuil fáilte rompu.

## Cumarsáid

**Má táimid le traidisiúin chultúrtha na hÉireann a scaipeadh i gceithre hairde na cruinne agus i ngach áit ar oileán na hÉireann, teastaíonn cumarsáid éifeachtach agus leanúnachas sa chumarsáid sin.**

**Baineann an Comhaltas feidhm as éagsúlacht bealaí le cumarsáid a dhéanamh, is é sin i ngníomhaíochtaí a bhaineann leis an Diaspóra, i ngníomhaíochtaí turasóireachta agus i bhfeachtais mhargaíochta agus caidrimh phoiblí na heagraíochta.**

### Diaspóra

Aithníonn an Comhaltas gur féidir leas a bhaint as an teicneolaíocht nua-aimseartha atá againn chun oideachas ceoil a chur ar fáil do lucht foghlama ilchultúrtha domhanda. Déanfar dearcadh domhanda Gaelach a fhorbairt agus bainfear leas as pobal domhanda an diaspóra lena chinntiú go mbeidh gné ilghnéitheach ilchultúrtha ag baint leis an obair le cultúr na hÉireann a fhorbairt agus a chothú. Tabharfaidh an Comhaltas tús áite i gcónaí d'iarrachtaí le cumas cultúrtha na hÉireann a fhorbairt go domhanda bunaithe ar phlé gníomhach leis an diaspóra.

### Turasóireacht

Cuairteoirí as tíortha eile iad 25% de na daoine a fhreastalaíonn ar Fhleadh Cheoil. Beidh Comhaltas ag leanúint ar aghaidh leis an obair atá ar bun le comhpháirtithe turasóireachta ar páirtithe leasmhara iad chun an réimse féilte agus imeachtaí a théann chun tairbhe do chuairteoirí agus don phobal áitiúil a chur ar fáil. Sa taighde is deireanaí atá déanta, tá deimhnithe gur roghnaigh 33% de Ghael-Mheiriceánaigh stair na hÉireann ar an rud is tarraingtí faoin oidhreacht Ghaelach atá acu, dar leo. Ina dhiaidh sin, roghnaigh 24% acu an ceol Gaelach.

### Margaíocht agus Caidreamh Poiblí

Is gá infheistíocht leanúnach a dhéanamh le go mbeidh an Comhaltas in ann an chumarsáid agus an mhargaíocht a theastaíonn a dhéanamh le réimse gníomhaíochtaí agus imeachtaí na heagraíochta a chur chun cinn. Beidh sé sin an-tábhachtach má táimid leis an scéal a scaipeadh gur féidir leis an saol mór taitneamh a bhaint as oidhreacht luachmhar chultúrtha na hÉireann a rachaidh chun sochair do phobail ar fud an domhain. Bhí sé fíorthábhachtach acmhainní a chur ar fáil don fheachtas cumarsáide seo chun cur leis na torthaí a bhaineann an Comhaltas amach.





# 3 Straitéis Achoimre

**Achoimre**



# Tionchar Domhanda an Chomhaltais

**An Eoraip**
An Bheilg
Sasana
Éire
An Iodáil
Lucsamburg
An Fhionlainn
Moscó
An Phortaingéil
Albain
An Spáinn
An Bhreatain Bheag


**Meiriceá Thuaidh**
SAM
Ceanada

**Meiriceá Theas**
An Airgintín
An Bhrasaíl
An Cholóim

**An Meánoirthear**
Dubai

**An Áise**
An tSeapáin
Singeapór

**An Astraláise**
An Astráil
An Nua-Shéalainn



# Comhaltas Amach Anseo

## An nuálaíocht agus an t-oideachas mar ghléasanna le cumas cultúrtha na hÉireann a fhorbairt go domhanda

Garsprioc eile ar aistear cultúrtha na hÉireann is ea an Réamheolaire seo ó Chomhaltas. Cuireann sé i gcuimhne dúinn an méid is féidir a bhaint amach fiú le linn na dtréimhsí is dúshlánaí. Ar aon dul le bunaitheoirí an Chomhaltais sa bhliain 1951, tá leagtha amach ann na deiseanna iontacha atá romhainn agus an méid atá i ndán do na tréithe cultúrtha faoi leith atá againn.

---

**Tá meas mór ar oidhreacht luachmhar chultúrtha na hÉireann go hidirnáisiúnta sa lá atá inniu ann. Tá an-bhród ar fad orainn asainn féin agus astu siúd a tháinig romhainn mar gheall ar na héachtaí atá bainte amach againn go dtí seo.**

---

Tá ár gcultúr, sna bealaí éagsúla go léir a chuirtear in iúl é, tar éis daoine a thabhairt le chéile agus athmhuintearas a thabhairt isteach i ngach pobal ar oileán na hÉireann agus i measc dhiaspóra na hÉireann agus cairde de chuid na hÉireann ar fud an domhain.

Má bhainimid amach barr cumais ó thaobh cultúir de, mar a leagtar amach é sa Réamheolaire seo, beidh infheistíocht á déanamh againn dár saol san am atá le teacht. Beidh leas féinbhuanaitheach le baint as sin ag na glúine amach anseo.

***Is é an treo chun feabhais é.***